# Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta
2022-2028

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le Tithíocht Shóisialta a sholáthraíonn agus a bhainistíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin





# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **Cuid 1** | **Réamhrá** | **1** |
| 1.1 | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh | 1 |
| 1.2 | An Chúis atá leis an Straitéis seo | 1 |
| 1.3 | An Próiseas Comhairliúcháin | 3 |
| 1.4 | Comhionannas agus Cearta an Duine | 3 |
| 1.5 | Creat Dlí | 4 |
| 1.6 | Ráiteas Misin | 5 |
| 1.7 | An chaoi a bhfuil sé i gceist againn Iompar Frithshóisialta a chosc agus a laghdú | 5 |
| | 1.7.1 Dearadh teaghaisí agus eastát. | 5 |
| | 1.7.2 Cúrsaí Réamhthionóntachta | 5 |
| | 1.7.3 CCTV | 5 |
| | 1.7.4 Freagairt ar ghearáin | 6 |
| | 1.7.5 Seirbhísí Tacaíochta | 6 |
| | 1.7.6 Cur chuige comhordaithe ilghníomhaireachta a ghlacadh | 6 |
| | 1.7.7 Forfheidhmiú | 7 |
| | 1.7.8 Cur Siar agus Ceadú | 7 |
| | 1.7.9 Cumarsáid | 7 |
| | 1.7.10 Tionscnamh Samhna | 8 |
| | 1.7.11 Clár Thionscnamh na Scoileanna | 8 |
| **Cuid 2** | **Cad is Iompar Frithshóisialta ann?** | **10** |
| **Cuid 3** | **Mar a théann Iompar Frithshóisialta i bhfeidhm ar thionóntacht** | **12** |
| 3.1 | Cad é an Comhaontú Tionóntachta? | 12 |
| 3.2 | Sáruithe ar an gComhaontú Tionóntachta | 12 |
| 3.3 | Cineálacha Tionóntachtaí | 12 |
| 3.4 | Rialacha Tí | 13 |
| 3.5 | Comhaontú maidir le bheith i do Dhea-Chomharsa | 13 |
| 3.6 | Lámhleabhar an Tionónta | 13 |
| **Cuid 4** | **Gearáin faoi Iompar Frithshóisialta** | **15** |
| 4.1 | Conas gearán a dhéanamh | 15 |
| 4.2 | Mar a dhéantar gearáin a thaifeadadh | 15 |
| 4.3 | An Gearánach | 16 |
| 4.4 | An Freagróir | 17 |
| 4.5 | Rúndacht | 17 |
| 4.6 | Saoráil Faisnéise | 18 |
| 4.7 | Daoine anaithnide a bhfuil baint acu le hiompar frithshóisialta | 18 |
| 4.8 | Uimhir Thagartha an Ghearáin | 19 |
| 4.9 | Mar a dhéantar gearáin a rangú | 19 |
| 4.10 | Gearáin faoi Thorann. | 20 |
| 4.11 | Foréigean Teaghlaigh. | 21 |
| 4.12 | TUSLA agus Cosaint Leanaí | 21 |
| 4.13 | Madraí/Peataí/Ainmhithe | 22 |

| | | |
|---|---|---|
| 4.14 | Carnadh bruscair/gairdíní míshlachtmhara | 22 |
| 4.15 | Aighneas faoi Theorainneacha | 22 |
| **Cuid 5** | **Imscrúdú agus Dúnadh Cásanna** | **24** |
| 5.1 | Conas a dhéantar gearán a imscrúdú | 24 |
| 5.2 | Ógánaigh | 24 |
| 5.3 | Mangaireacht Drugaí | 24 |
| 5.4 | Foréigean agus Bagairtí maidir le Duine a Mharú | 25 |
| 5.5 | Agallaimh | 25 |
| 5.6 | Cinntí agus Cothrom na Dóchúlachta | 26 |
| 5.7 | Dúnadh Cáis | 26 |
| 5.7.1 | Gan Gníomh Breise | 26 |
| 5.7.2 | Comhairle Tugtha | 26 |
| 5.7.3 | Cur ar aghaidh chuig an tSeirbhís Leasa Tithíochta/Cothaithe Tionóntachta | 26 |
| 5.7.4 | Cur ar aghaidh chuig Rannóga eile | 26 |
| 5.7.5 | Cur ar aghaidh chuig Gníomhaireachtaí eile ar nós na nGardaí/TUSLA/FSS | 27 |
| 5.7.6 | Réiteach Aighnis | 27 |
| 5.7.7 | Gealltanas Foirmiúil nó Conradh maidir le hIompar Inghlactha | 27 |
| 5.7.8 | Rabhadh ó Bhéal | 27 |
| 5.7.9 | Litir ina bhfuil Fógra Tionóntachta | 27 |
| 5.7.10 | Rabhadh faoi Thionóntacht | 27 |
| 5.7.11 | Achomharc maidir le Rabhadh faoi Thionóntacht nó Athbhreithniú air | 28 |
| 5.7.12 | Cáschruinniú | 28 |
| **Cuid 6** | **Imeachtaí Dlí** | **30** |
| 6.1 | Caingean Dlí | 30 |
| 6.2 | Orduithe Eisiaimh | 30 |
| 6.2.1 | Nós Imeachta maidir le hOrdú Eisiaimh | 30 |
| 6.3 | Orduithe Sealbhaithe | 31 |
| 6.3.1 | Nós Imeachta maidir le hOrdú Sealbhaithe | 31 |
| 6.4 | Suiteoirí | 32 |
| 6.5 | Campaí Neamhdhleathacha | 32 |
| **Cuid 7** | **Tacaíocht** | **34** |
| 7.1 | Oifigeach Leasa Tithíochta | 34 |
| 7.2 | Seirbhís Tacaíochta Tionóntachta | 34 |
| 7.3 | Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath | 34 |
| **Cuid 8** | **Seiceálacha Cúlra – Diúltú/Cur Siar** | **36** |
| 8.1 | Seiceálacha Cúlra | 36 |
| 8.2 | Cur Siar/Diúltú | 36 |
| 8.3 | Cinneadh | 36 |
| 8.4 | Agallamh | 37 |
| 8.5 | Dea-Bhainistíocht Eastáit | 37 |
| 8.6 | An cás nach gcuirtear faisnéis ar fáil | 38 |
| 8.7 | Diúltú/Cur Siar ar bhonn na Reachtaíochta | 38 |
| 8.8 | Bagairtí ar Fhostaithe de chuid na Comhairle / Imeagla a chur orthu | 38 |
| 8.9 | Aistriú ar bhonn Forais a bhaineann le Bainistíocht Eastáit | 39 |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuid 9** | **Díbirt** | **41** |
| **Cuid 10** | **Plé le Gníomhaireachtaí agus Rannóga eile** | **43** |
| 10.1 | An Garda Síochána | 43 |
| 10.2 | Fóraim Póilíneachta Áitiúla an Chomhchoiste Póilíneachta | 43 |
| **Cuid 11** | **Seirbhís do Chustaiméirí** | **45** |
| 11.1 | An Nós Imeachta Oifigiúil atá againn maidir le Gearáin | 45 |
| 11.2 | Uimhreacha Teileafóin Úsáideacha | 47 |
| **Aguisín 1** | | **48** |
| | Sainmhíniú ar Iompar Frithshóisialta | 48 |
| **Aguisín 2** | | **49** |
| | Comhaontú Tionóntachta Samplach – Iompar Frithshóisialta | 49 |
| **Aguisín 3** | | **51** |
| | Sáruithe ar an gComhaontú Tionóntachta | 51 |
| **Aguisín 4** | | **53** |
| | Comhaontú Tionóntachta Samplach | 53 |
| **Aguisín 5** | | **56** |
| | Sampla de Rialacha Tí | 56 |
| **Aguisín 6** | | **58** |
| | Sampla de rialacha tí le haghaidh láithreán stad | 58 |
| **Aguisín 7** | | **60** |
| | Comhaontú maidir le bheith i do Dhea-Chomharsa | 60 |
| **Aguisín 8** | | **62** |
| | Bileog faoi Iompar Frithshóisialta ó Lámhleabhar na dTionóntaí | 62 |

# **Cuid 1**
# Réamhrá



# **Cuid 1** Réamhrá

Seo an tríú Straitéis dár gcuid maidir le hIompar Frithshóisialta. Dírítear go háirithe sa straitéis seo ar na gearáin bheaga, gearáin ar féidir leo éirí níos tromchúisí mura dtéitear i ngleic leo go tapa. Tá ainm nua ar an Rannán Iompair Fhrithshóisialta agus is é an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí a thugtar air anois. Tá sé de chúram ar an rannóg sin fiosrú a dhéanamh ar ghearáin faoi iompar frithshóisialta agus faoi sháruithe ar an gcomhaontú tionóntachta. Déanann an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe imscrúdú ar ghearáin a bhaineann le Cóiríocht do Thaistealaithe.

Dírítear sa Straitéis seo freisin ar chomhionannas agus cearta an duine, agus beidh na baill foirne airdeallach ina dtaobh sin agus iad i mbun a gcuid dualgas. Táimid tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, neamhchlaonta a sholáthar chun déileáil le gearáin agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach minic a tharlaíonn cásanna iompair fhrithshóisialta inár n-eastáit tithíochta.

Formhór ár dtionóntaí, bíonn siad ag cur fúthu ina dtithe gan aon chur isteach ó chomharsana a bhíonn ag gabháil don iompar frithshóisialta. Líon fánach daoine is cúis leis an gcuid is mó de na fadhbanna.

## 1.1 An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh[1]

Foilsíonn an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh treoirlínte maidir le Béarla simplí soiléir ionas gur furasta cáipéisí Béarla a léamh. Tá na prionsabail chéanna sin curtha i bhfeidhm againn i ndáil leis an leagan Gaeilge seo, agus leagtar béim sa cháipéis seo ar Ghaeilge shoiléir agus ar léaráidí.

## 1.2 An Chúis atá leis an Straitéis seo



Ní mór straitéis scríofa a bheith ag Údaráis Áitiúla ina dtugtar sonraí faoin gcaoi a ndéileálann siad le gearáin faoi iompar frithshóisialta in eastáit ar leo iad agus a ndéanann siad bainistíocht orthu. Tá ceanglas dlíthiúil orainn é sin a dhéanamh faoi Alt 35 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.[2]
Ní mór an straitéis a thabhairt cothrom le dáta gach sé bliana agus ní mór na nithe seo a leanas a bheith inti:

- cuspóirí ó thaobh iompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú,
- comhordú seirbhísí chun iompar frithshóisialta a chosc nó a laghdú,
- cur chuige ilghníomhaireachta a chur chun cinn chun déileáil le hiompar frithshóisialta,
- dea-chomharsanacht agus dea-bhainistíocht eastát a chur chun cinn,

1 NALA https://www.nala.ie/

2 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/act/22/enacted/en/print#sec35


- nósanna imeachta chun déileáil le gearáin agus
- tionscnaimh chun iompar frithshóisialta a chosc nó a laghdú.

Roimh 2009, is beag treorach a bhí ann d'Údaráis Áitiúla maidir le conas déileáil le hiompar frithshóisialta.

Faoi Acht na bliana 2009, leagadh síos go mbeadh cur chuige caighdeánach, comhordaithe ag na húdaráis áitiúla go léir maidir le déileáil leis an bhfadhb sin. I bhFíor 1.0 thíos, léirítear an dea-thionchar a bhí ag straitéisí maidir le líon na gcásanna iompair fhrithshóisialta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a laghdú ó 2010 ar aghaidh. Ba sa bhliain sin a tugadh isteach ár gcéad straitéis reachtúil. Laghdaíodh líon na gcásanna ó 127 in 2010 go 100 in 2020. Is ionann sin agus laghdú 21%. Tharla sé sin mar go raibh an straitéis ina treoir don Chomhairle maidir le conas déileáil le hiompar frithshóisialta, conas córas éifeachtach gearán a bheith aici, agus conas próiseas forfheidhmithe láidir a chur i bhfeidhm.

Mar sin, tá sé tábhachtach an straitéis a athnuachan mar phríomhfhreagra na Comhairle ar iompar frithshóisialta don tréimhse sé bliana atá romhainn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn seasta ag athrú sa réimse seo. Ní hé amháin gur ceanglas dlíthiúil é an cur chuige sin, ach tá sé léirithe go n-éiríonn leis.

Cé go léirítear sa ghraf thíos (Fíor 1.0) gur tháinig laghdú seasta ar líon na gcásanna iompair fhrithshóisialta ó bhí 2010 ann (nuair a tugadh isteach an chéad straitéis), méadú a bhí i gceist in 2020. Bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm an tráth sin agus bhí daoine sa bhaile ar feadh tréimhsí níos faide. Ar an iomlán, áfach, léiríonn an treocht gan COVID-19 san áireamh gur tháinig laghdú leanúnach ar líon na gcásanna, a bhuí le stiúir agus treoir na Straitéise agus leis na cuspóirí atá léi maidir le hiompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú.




**Fíor 1.0 Cásanna Iompair Fhrithshóisialta i Réigiún na Comhairle Contae 2010-2020**

## 1.3 An Próiseas Comhairliúcháin

Agus an straitéis seo á hullmhú, chuamar i gcomhairle leis na heagraíochtaí seo a leanas:

| Ainm na hEagraíochta/an Chomhlachta |
|---|
| An Comhchoiste Póilíneachta |
| An Garda Síochána |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| *Tuath Housing* |
| Ciorcal Seirbhíse Cothabhála Tionóntachta Focus Ireland |
| Iontaobhas Peter McVerry |
| An Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil |
| Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas |
| Comhairle Contae Fhine Gall |
| Rannóga eile de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |

**Fíor 2.0**

Chuamar i gcomhairle freisin le Coiste na Comhairle um Beartas Straitéiseach Tithíochta ar an 8 Nollaig 2021.

Feidhm fhorchoimeádta is ea glacadh na Straitéise maidir le hIompar Frithshóisialta. Ciallaíonn sé sin go vótálfaidh na Comhaltaí Tofa (na Comhairleoirí) lena chinneadh cé acu an nglacfar nó nach nglacfar an beartas. D'fhormheas na Comhaltaí Tofa an straitéis ag cruinniú de chuid na Comhairle a tionóladh ar an 10 Eanáir 2022.

## 1.4 Comhionannas agus Cearta an Duine

Táimid tiomanta dár ndualgais a chomhlíonadh agus béim á leagan ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine in aon ghníomh nó in aon fhiosrúchán a dhéanaimid. Beidh meas ag na baill foirne i gcónaí ar chultúir agus ar chreidimh éagsúla ár dtionóntaí go léir agus cuirfimid oiliúint orthu lena chinntiú go gcloífear leis na prionsabail sin.

Tá an ciníochas san áireamh sna catagóirí gearán atá againn. Cé nach bhfuil ach fíorbheagán gearán den chineál sin faighte againn, caitear ar bhealach lán-dáiríre le gach gearán faoi chiníochas agus déantar imscrúdú orthu dá réir.

Is sampla é sin de na hoibleagáidí atá orainn faoin Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine a leagtar ar an Earnáil Phoiblí san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Is é an tiomantas atá againn comhionannas agus ceart an duine a chur chun cinn inár n-eastáit tithíochta agus deireadh a chur le leatrom.



## 1.5 Creat Dlí

Seo a leanas na príomhphíosaí reachtaíochta a bhfuil baint acu leis an straitéis seo.

**Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997**[3]

- Leis an Acht seo, tugadh isteach an sainmhíniú ar Iompar Frithshóisialta agus Bainistíocht Eastáit. Faoin Acht, tugtar cumhachtaí d'Údaráis Áitiúla i dtaobh ligean réadmhaoine ar cíos a dhiúltú nó a chur siar ar na forais sin, agus tugtar cumhachtaí fairsinge d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i dtaobh iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar Orduithe Eisiaimh. Leis na hOrduithe sin, cuirtear cosc ar dhaoine dul isteach i dteach nó eastát ar leith agus tugtar cumhachtaí iontrála agus gabhála do na Gardaí.

**Alt 197 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004**[4]

- Faoi Alt seo, tugtar cumhachtaí níos fairsinge d'Údaráis Áitiúla chun Orduithe Eisiaimh a fháil i gcoinne teaghaisí a bhíodh faoi chúram údarás áitiúil.

**Alt 35c d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009**[5]

- Faoi Alt seo, ceanglaítear ar Údaráis Áitiúla Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta a ghlacadh, mar a luadh cheana.

**Cuid 2 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014**[6]

- Faoin Alt seo, tugtar isteach bearta chun déileáil le hiompar frithshóisialta, ar nós rabhaidh reachtúla thionóntachta, agus nósanna imeachtaí nua maidir le glacadh seilbhe. Tugtar cearta níos láidre do thionóntaí i dtaobh cásanna a thógtar ina gcoinne sa Chúirt Dúiche a chosaint.

**Alt 10 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992**[7]

- Faoin Alt seo, tugtar cumhachtaí d'Údaráis Áitiúla chun fáil réidh le teaghaisí neamhúdaraithe ar Thalamh Poiblí.

**Alt 69 d'Acht na mBóithre, 1993**[8]

- Faoin Alt seo, tugtar cumhachtaí d'Údaráis Áitiúla chun fáil réidh le teaghaisí neamhúdaraithe ar bhóithre poiblí.

---

3 http://www.irishstatutebook.ie/eli/1997/act/21/enacted/en/html

4 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2004/act/27/section/197/enacted/en/html#sec197

5 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/act/22/section/35/enacted/en/html#sec35

6 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/21/section/6/enacted/en/html#part2

7 http://revisedacts.lawreform.ie/eli/1992/act/18/section/10/revised/en/html

8 http://www.irishstatutebook.ie/eli/1993/act/14/section/69/enacted/en/html

## 1.6 Ráiteas Misin

Is é seo a leanas an Ráiteas Misin atá againn:

> Gach gearán a fhiosrú go cothrom, ar bhealach neamhchlaonta, oibiachtúil; a bheith aireach ar chearta an duine agus ar chomhionannas; seirbhís nua-aimseartha, ghairmiúil a sholáthar dár dtionóntaí, nó d'aon daoine eile a bhfuil iompar frithshóisialta ag goilleadh orthu, agus a bheith ag obair chun deireadh a chur le hiompar frithshóisialta i ngach eastát ábhartha de chuid na Comhairle

## 1.7 An chaoi a bhfuil sé i gceist againn Iompar Frithshóisialta a chosc agus a laghdú

### 1.7.1 Dearadh teaghaisí agus dearadh eastát.




Rachaimid i gcomhairle lenár gcomhghleacaithe sa Rannán Tógála Tithe agus i Rannóg na nAiltirí chun féachaint chuige go ndéanfar gach iarracht dearadh na n-áitreabh a athrú chun réiteach a fháil ar fhadhbanna bonneagair a d'fhéadfadh cur leis an iompar frithshóisialta. Rachaimid i gcomhairle freisin le hOifigeach Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána maidir le comhairle agus moltaí faoi fhadhbanna dearaidh ar eastáit, ar nós lánaí a bheith dúnta agus soilsiú poiblí.

### 1.7.2 Cúrsaí Réamhthionóntachta

Leanfaimid orainn ag eagrú cúrsaí réamhthionóntachta do thionóntaí nua. Sa chúrsa sin, mínítear coinníollacha nó rialacha na tionóntachta a shíníonn daoine leis an gComhairle. Insítear dóibh cad atá ceadaithe agus cad nach bhfuil ceadaithe. Insítear dóibh freisin faoin tacaíocht a thugaimid dár dtionóntaí. Mínítear sa chúrsa freisin cad is iompar frithshóisialta ann agus conas a dhéanaimid gearáin a imscrúdú agus a dhéileálaimid leo.


### 1.7.3 CCTV



Tá córais CCTV curtha i bhfeidhm againn i gcuid dár n-eastáit ina raibh leibhéil arda iompair fhrithshóisialta. Tá na córais á mbainistiú ag an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí agus ag an Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe. Is iadsan a fheidhmíonn mar Rialaitheoirí Sonraí ina leith. Bhí an éifeacht aige sin gur tháinig

laghdú ar an iompar frithshóisialta inár n-eastáit agus gur cuireadh le leibhéal sábháilteachta agus slándála an phobail.

### 1.7.4 Freagairt ar ghearáin




Aithnímid an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iompar frithshóisialta ar dhaoine, is cuma cé chomh tromchúiseach nó cé chomh beag atá an gearán. Is é an taithí atá againn go bhféadfadh na gearáin is lú dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine daoine agus go bhfuil gá le freagra tapa a thabhairt ar na gearáin sin. Mar sin, tá sé ina chuspóir againn freagra a thabhairt ar gach uile ghearáin laistigh de lá oibre amháin agus tús a chur le himscrúdú laistigh de 5 lá oibre má bhíonn na hacmhainní ar fáil. Is é an sprioc atá againn seirbhís nua-aimseartha, ghairmiúil a sholáthar dár gcustaiméirí, ag teacht lenár spriocanna agus lenár gcuspóirí corparáideacha.

### 1.7.5 Seirbhísí Tacaíochta



I gcás roinnt de na teaghlaigh a bhíonn ag gabháil don iompar frithshóisialta, níl ar a gcumas a dtionóntachtaí a bhainistiú agus teastaíonn an-chuid tacaíochta uathu. Tá Oifigeach Leasa Tithíochta agus Seirbhís Cothaithe Tionóntachta againn chun cabhrú leis na teaghlaigh sin. Bíonn na seirbhísí sin ag obair i ndlúthpháirt leis an teaghlach agus cothaíonn siad nasc idir iad agus seirbhísí tacaíochta eile sa cheantar, agus é ina sprioc acu dul i ngleic leis an iompar agus an tionóntacht a choinneáil ar bun. Cuirtear gearáin oiriúnacha ar aghaidh chuig na seirbhísí sin, seirbhísí ar éirigh leo roimhe seo stop a chur le hiompar frithshóisialta agus aighneas idir comharsana a réiteach.

### 1.7.6 Cur chuige comhordaithe ilghníomhaireachta a ghlacadh

Fadhb chasta sa tsochaí is ea an t-iompar frithshóisialta agus níl ar chumas na Comhairle aisti féin réiteach a fháil ar an bhfadhb sin. Sna Treoirlínte Dea-Chleachtais maidir le hIompar Frithshóisialta a Chosc agus a Chomhrac (a d'fhoilsigh an tAonad Tithíochta in 2003)[9] moltar gur cheart cur chuige ilghníomhaireachta a ghlacadh agus an fhadhb á láimhseáil. Is ceanglas é sin freisin a leagtar amach in Alt 35(2)(b) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Chuige sin, leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána, TUSLA, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus Fóraim Póilíneachta Áitiúla. Feabhsóimid an cur chuige ilghníomhaireachta den scoth atá á ghlacadh le blianta fada.

Déanfaimid ár bhfreagairt ar iompar frithshóisialta a chomhordú freisin trí dhul i gcomhairle le Rannóga Páirceanna, Bóithre, Pobail agus Comhshaoil na Comhairle, le

haon eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha eile agus le grúpaí áitritheoirí sa cheantar.

Beimid ag obair i ndlúthpháirt le Fóraim Bainistíochta Eastát agus cuirfimid comhairle orthu agus tabharfaimid cúnamh dóibh nuair is cuí sin. Leanfaimid ar aghaidh freisin leis an dlúthchaidreamh oibre le Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus le Teach an Mhalartáin (*Exchange House*).

9 http://www.housingagency.ie/sites/default/files/publications/84.%20Good-Practice-Guidelines_Prevent ing-and-Combating-Anti-Social-Behaviour_2003.pdf

### 1.7.7 Forfheidhmiú



Tionscnóimid caingean dlí i gcásanna tromchúiseacha más comhréireach agus cuí an beart é sin a dhéanamh. D'fhéadfadh Nósanna Imeachtaí Sealbhaithe nó Nósanna Imeachta maidir le hOrdú Eisiaimh a bheith i gceist leis an gcaingean dlí. Aithnímid go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar an bhforfheidhmiú i gcásanna tromchúiseacha go ndéanfaí iompar frithshóisialta amach anseo in eastáit a chosc nó a laghdú.

Eiseoimid rabhaidh reachtúla thionóntachta agus fógraí tionóntachta freisin nuair is gá sin. Is uirlis éifeachtach iad na rabhaidh scríofa sin chun cur i gcoinne an iompair fhrithshóisialta agus is é an taithí atá againn go dtagann athrú ar iompar daoine dá mbarr.

Tá sé ina aidhm againn freagra tapa a thabhairt ar ghearáin mar go n-aithnímid go ndéanann an t-iompar sin an-dochar do chaighdeán beatha ár dtionóntaí agus a dteaghlach.

### 1.7.8 Cur Siar agus Ceadú



Má bhí iompar frithshóisialta ar bun roimhe seo ag iarratasóirí ar thithíocht, is féidir a n-iarratas ar thithíocht a dhiúltú nó é a chur siar ag brath ar thromchúis an iompair sin. Bhainfeadh sé an bonn den bheartas seo dá ligfí do dhaoine cónaí inár n-eastáit agus fianaise ann ar iompar den sórt sin.

Is féidir diúltú d'iarratas ar thithíocht nó an t-iarratas a chur siar ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit.
Faoi Alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997[10], arna leasú, tugtar cumhachtaí d'Údaráis Áitiúla maidir leis na cinntí sin a dhéanamh agus leanfaimid orainn ag déanamh seiceálacha cúlra ar gach duine a dhéanann iarratas ar thithíocht. Is cumhachtach an beart coisctheach é sin agus fágann sé nach n-éiríonn leis na daoine a bhíonn ag gabháil don iompar frithshóisialta is measa a bheith ina dtionóntaí inár n-eastáit. Tá feidhm aige sin freisin maidir le tionóntachtaí a thagann faoin Scéim Cóiríochta Cíosa.

Faoin reachtaíocht sin freisin, ceadaítear go ndiúltófar nó go gcuirfear siar aistriú tionóntachta, cead cónaithe a bheith ag duine i dtionóntacht, agus teaghais faoi úinéireacht na Comhairle a cheannach nó a dhíol.

Leanfaidh an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí ag cur na reachtaíochta sin i bhfeidhm mar bheartchun cuidiú stop a chur leis an iompar frithshóisialta.

### 1.7.9 Cumarsáid

Beidh an beartas seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.dlrcoco.ie. Tá cóipeanna ar fáil freisin in oifigí na Comhairle – Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain agus oifig Dhún Droma – agus i ngach leabharlann. Is féidir linn cóip a chur ar an bpost chugat freisin ach ceann a iarraidh. Tá ceisteanna coitianta maidir le reachtaíocht agus nósanna imeachta i dtaobh iompar frithshóisialta ar fáil freisin tríd an nasc thíos.[11]

10 http://revisedacts.lawreform.ie/eli/1997/act/21/revised/en/html#SEC14

11 Ceisteanna Coitianta faoin Iompar Frithshóisialta

### 1.7.10 Tionscnamh Samhna

Leanfaimid lenár dTionscnamh Samhna le Rannóg na bPáirceanna agus leis an Rannóg Comhshaoil chun stop a chur le carnadh ábhair i gcomhair tinte cnámh.

Baineann contúirt le tinte cnámh mídhleathacha agus is bagairt thromchúiseach iad ar shábháilteacht an phobail. Gach bliain baintear gortuithe uafásacha do pháistí, agus is féidir le cuid de na gortuithe sin saol an pháiste a athrú. D'fhreastail Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar 398 tine agus d'fhreagair sí 202 glaoch ar Otharcharr le linn Shamhain na bliana 2020.[12] Ní hamháin go bhfuil na tinte cnámh in aghaidh an dlí ach cuirtear na seirbhísí éigeandála i mbaol dá mbarr agus truaillíonn siad an timpeallacht. Thairis sin, cuireann na tinte cnámh leis an iompar frithshóisialta sa cheantar díreach rompu agus ina ndiaidh.



Mar sin, leanfaimid orainn ag déanamh comhordú ar fhreagairt na Comhairle agus ag obair i ndlúthpháirt leis an nGarda Síochána chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin.

Faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2015, is cion é ábhar a sholáthar lena dhó nó dramhaíl a dhó – ábhar cosúil le hadhmad, pailléid, troscán agus boinn. Féadfaidh ár Rannóg Forfheidhmithe Comhshaoil daoine a ionchúiseamh i leith na gcionta sin.

### 1.7.11 Clár Thionscnamh na Scoileanna

In 2008 chuireamar tús le clár cuairteanna ar mheánscoileanna sa cheantar lena chur ar a súile do na saoránaigh óga an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iompar frithshóisialta ar theaghlaigh agus ar phobail. Aiseolas dearfach a fuaireamar ó na scoileanna, agus leanfaimid ar aghaidh leis an tionscnamh sin.

12 Preasoifig Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

# **Cuid 2**

# Cad is Iompar Frithshóisialta ann?



# **Cuid 2** Cad is Iompar Frithshóisialta ann?

Tugtar sainmhíniú ar Iompar Frithshóisialta in Alt 1 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, arna leasú. [13] Is sainmhíniú fada casta é, ar féidir aistriúchán ar an mbunleagan Béarla de a léamh in Aguisín 1 agus a bhfuil nasc leis an leagan Béarla san fhonóta thíos.

Seo a leanas achoimre ghairid ar an sainmhíniú:

Níl cead ag duine:

- a bheith páirteach i bhforéigean, bagairtí, ciapadh nó imeaglú a dhéantar ar dhuine eile
- damáiste coiriúil a dhéanamh ná graifítí a chur ar taispeáint
- drugaí aindleathacha a sholáthar, ná iad a bheith ina sheilbh aige nó aici chun iad a sholáthar, as aon teaghais atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú an Údaráis Áitiúil (tugtar 'mangaireacht drugaí' air sin de ghnáth)




Luaitear san Acht freisin nach mór don iompar a bheith tromchúiseach nó leanúnach agus go n-áirítear leis iompar a fhágann nach féidir le daoine eile cónaí faoi shíth agus faoi shuíochán ina dteach.

Is samplaí den iompar frithshóisialta nach mbaineann le drugaí iad foréigean, bagairtí, damáiste do mhaoin, ciapadh leanúnach, imeaglú, bac, faitíos a chur ar dhaoine. Meastar gur sárú níos lú ar an gcomhaontú tionóntachta é iompar nach dtagann faoin gcatagóir sin.

Is faoi channabas, cóicín, hearóin, agus piollaí aindleathacha is minice a dhéantar gearán a bhaineann le mangaireacht drugaí. Caithfear go lándáiríre le gach gearán faoi mhangaireacht drugaí agus cuirfear faoi bhráid an Gharda Síochána é lena imscrúdú. Rachaimid i gcomhairle leis na Gardaí agus gníomhóimid ar bhealach cuí má tá fianaise ann chun tacú le líomhaintí faoi mhangaireacht drugaí. Is sárú tromchúiseach ar an gcomhaontú tionóntachta é mangaireacht drugaí a bheith ar bun i dtithe de chuid an Údaráis Áitiúil.

13 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/21/enacted/en/print#sec20

# **Cuid 3**

# Mar a théann Iompar Frithshóisialta i bhfeidhm ar thionóntacht



# Cuid 3
# Mar a théann Iompar Frithshóisialta i bhfeidhm ar thionóntacht

## 3.1 Cad é an Comhaontú Tionóntachta?

Is conradh dlí é idir an tionónta – tusa, b'fhéidir – agus muidne (An Chomhairle), an tiarna talún. Tá clásail agus coinníollacha sa chomhaontú tionóntachta a n-aontaíonn an tionónta agus an tiarna talún iad a chomhlíonadh. Mar shampla, caithfidh an tionónta an cíos a íoc, an teach a choinneáil slachtmhar, agus gan a bheith ag gabháil d'iompar frithshóisialta. Ar an gcaoi chéanna, tá an tiarna talún freagrach as aon lochtanna struchtúracha a dheisiú, agus ráthaíonn sé go mbeidh cead cónaithe ag an tionónta sa teach má chomhlíonann an tionónta téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe. Tá sampla in Aguisín 2 de na clásail a bhaineann le hiompar frithshóisialta sa chomhaontú tionóntachta is déanaí dár gcuid.

## 3.2 Sáruithe ar an gComhaontú Tionóntachta

Sárú ar an gcomhaontú tionóntachta a bheidh i ngach cineál iompair fhrithshóisialta. Mar a luadh cheana, tá cineálacha eile iompair ann nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna ach, ina ainneoin sin, a gcaitear leo mar sháruithe ar an gcomhaontú tionóntachta. Samplaí is ea fadhbanna maidir le torann, gairdíní míshlachtmhara, aighneas faoi theorainneacha, struchtúir neamhúdaraithe, aighneas faoi chúrsaí páirceála agus mar sin de. Tá sampla in Aguisín 3 de na clásail atá sa chomhaontú tionóntachta is déanaí dár gcuid a bhaineann leis na sáruithe beaga sin.



## 3.3 Cineálacha Tionóntachtaí

Tá comhaontuithe tionóntachta tagtha chun cinn thar na blianta agus bíonn go leor cineálacha éagsúla i bhfeidhm. Bhíodh na comhaontuithe is sine i bhfeidhm roimh Acht na dTithe, 1966 sularbh ann don téarma 'iompar frithshóisialta'. Is iondúil go mbíonn líne sna comhaontuithe sin ar nós

***"ní bheidh tú ag gabháil d'iompar núise a chuirfeadh as do do chomharsana"***

Is leor an méid sin fós chun bonn a chur faoin reachtaíocht maidir le hiompar frithshóisialta.

Le himeacht na mblianta, neartaíodh comhaontuithe tionóntachta trí shonraí níos sainiúla ar iompar frithshóisialta a chur iontu, mar a leagtar amach in Aguisín 4. Tá na téarmaí agus na coinníollacha is déanaí le feiceáil in Aguisín 2 agus Aguisín 3.

I gcás roinnt áitreabh, cosúil le bloic árasán, féadfaidh Gníomhaire Bainistíochta gníomhú ar ár son chun tionóntachtaí agus limistéir chomhroinnte a bhainistiú. Is Comhlacht Tithíochta Ceadaithe a bhíonn i gceist leis na gníomhairí de ghnáth agus déileálfaidh siadsan leis na gearáin neamh-thromchúiseacha maidir le hiompar frithshóisialta agus sárú ar an gcomhaontú tionóntachta. Is í Rannóg Bainistíochta Tionóntachta na Comhairle a bhíonn ag plé le cásanna tromchúiseacha agus le haon chaingean dlí. Is muidne fós an tiarna talún agus léirítear róil gach duine agus gach eagraíochta sa chomhaontú tionóntachta.

Bíonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar iompar frithshóisialta in eastáit ar leo iad agus is féidir leo iarratas a dhéanamh ar Orduithe Eisiaimh ón gCúirt Dúiche nó ar Orduithe Cinnidh ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.

## 3.4 Rialacha Tí




I gcás áitribh atá i mbloic árasán, beidh Cuideachtaí Bainistíochta ina bhfeighil. Is iad na cuideachtaí sin a bhíonn freagrach as an eastát agus na limistéir chomhroinnte a chothabháil. De ghnáth eisíonn siad rialacha tí i dtaobh an bhloic árasán. Féadfaidh na rialacha tí sin a bheith ina gcuid de do chomhaontú tionóntachta má tá tithíocht shóisialta i gceist. Is sárú ar an gcomhaontú tionóntachta é sárú ar na Rialacha Tí, rud a mhínítear go soiléir do gach iarratasóir. Tá sampla de rialacha tí le feiceáil in Aguisín 5.

Is féidir feidhm a bheith ag Rialacha Tí freisin maidir le Láithreáin Stad agus tugtar sampla de sin in Aguisín 6.

## 3.5 Comhaontú maidir le bheith i do Dhea-Chomharsa



Rud a dhéanaimid chun pobail a chothú a mbíonn fonn ar dhaoine cónaí iontu is ea iarraidh ar gach tionónta nua an 'Comhaontú maidir le bheith i do Dhea-Chomharsa' a shíniú[14]. Leagtar béim sa chomhaontú sin ar bheith i do dhea-chomharsa, ar bhá a bheith ag daoine le chéile agus ar chaitheamh go cothrom lenár dtionóntaí agus le gach duine inár bpobal. Is léiriú é sin freisin ar an tiomantas atá againn don chomhionannas agus do chearta an duine, agus dár Spriocanna Corparáideacha maidir le caighdeán na beatha a fheabhsú do chách.

## 3.6 Lámhleabhar an Tionónta

Chun cabhrú lenár dtionóntaí teacht ar thuiscint ar na hoibleagáidí atá orthu sa ról sin agus ar an tacaíocht a chuirimid ar fáil dóibh i ról an tiarna talún, tá cáipéisí ullmhaithe againn a bhaineann le gnéithe tábhachtacha dá dtionóntacht.

Faigheann gach tionónta cóip de na cáipéisí nuair a shíníonn siad a gcomhaontú tionóntachta. Tá an cháipéis a bhaineann le hIompar Frithshóisialta in Aguisín 8.[15] Tá na cáipéisí go léir ar ár suíomh Gréasáin freisin.[16]

---

14 https://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/dlr_good_neighbour_agreement.pdf

15 https://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/anti-social_behaviour_by_tenants.pdf

16 https://www.dlrcoco.ie/en/housing-provision-tenants/tenant-handbook (leagan Béarla)

# Cuid 4
## Gearáin faoi Iompar Frithshóisialta



# **Cuid 4** Gearáin faoi Iompar Frithshóisialta

## 4.1 Conas gearán a dhéanamh

Chun gearán a dhéanamh faoi iompar núise nó iompar frithshóisialta, is féidir leat ceann acu seo a leanas a dhéanamh:

- scríobh chuig ár Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, An Chomhairle Contae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath
- cuir glaoch teileafóin ar an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí ar (01) 204 7258
- seol ríomhphost chuig tenancymanagement@dlrcoco.ie
- líon isteach an fhoirm ghearáin ar an suíomh gréasáin www.dlrcoco.ie
- téigh chuig an gcuntar tithíochta ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Maidir le gearáin a bhaineann le Cóiríocht do Thaistealaithe, láithreáin stad agus grúpscéimeanna tithíochta san áireamh, is féidir iadsan a dhéanamh mar seo a leanas:

- scríobh chuig ár nAonad Cóiríochta do Thaistealaithe, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath
- cuir glaoch ar ár nAonad Cóiríochta do Thaistealaithe ar (01) 205 4838
- seol ríomhphost chuig travellers@dlrcoco.ie
- líon isteach an fhoirm ghearáin ar www.dlrcoco.ie
- téigh chuig an gcuntar tithíochta ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

## 4.2 Mar a dhéantar gearáin a thaifeadadh

Tá foireann ar leith sa Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí (sa Rannóg Tithíochta) a dhéanann gearáin faoi iompar frithshóisialta a logáil ar an ríomhchóras gearán atá againn.




I gcás gearáin nach dtagann faoin sainmhíniú ar Iompar Frithshóisialta agus nach meastar gur iompar núise iad, cuirtear ar aghaidh chuig an rannóg chuí den Chomhairle iad chun déileáil leo dá réir.

Tugtar ‘an gearánaí’ ar an té atá ag déanamh an ghearáin.

Tugtar ‘an freagróir’ ar an té a ndéantar gearán faoi nó fúithi.

Bíonn roinnt gearán casta agus d'fhéadfadh líomhaintí tromchúiseacha i gcoinne comharsan a bheith i gceist leo. Sna cásanna sin, beidh ar ghearánaigh teacht chuig ár n-oifigí ionas gur féidir an gearán a imscrúdú tuilleadh.

Ní dhéanfar gearáin gan ainm a fhiosrú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nuair a bhíonn fianaise a thacaíonn leis an ngearán ar fáil ó ghníomhaireachtaí eile, agus má thograíonn an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí é. Aithnímid go mbíonn sé thar a bheith deacair ar dhaoine gearáin a dhéanamh i gcoinne a gcomharsan agus tuigimid gur gá gearán gan ainm a dhéanamh i gcásanna áirithe. Mar sin féin, ní mór dúinn sláine an chórais gearán a chosaint agus gan gearáin mhailíseacha a spreagadh.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur in olcas a rachadh cúrsaí idir comharsana nuair a dhéantar imscrúdú ar ghearáin. D'fhéadfadh bearta díoltais eile éirí as sin freisin. Más mar sin atá, rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an ngearánach sula rachfar ar aghaidh leis an imscrúdú.

## 4.3 An Gearánach

Nuair is féidir é, déanfar na sonraí seo a leanas a thaifeadadh ar an gcóras gearán:

**a)** Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin.

**b)** An cineál gearáin.

**c)** Dáta an ghearáin.

**d)** An áit agus an dáta ar tharla an rud is cúis leis an ngearán.

**e)** Cibé ar tuairiscíodh an rud a tharla do na Gardaí agus do ghníomhaireachtaí eile, nó nár tuairiscíodh.

**f)** Sonraí maidir le fianaise eile, CCTV, nótaí scríofa etc.

**g)** Taifead ar an ngearán má tá ráiteas tugtha ag an ngearánach.


**h)** Taifead gur mian leis an ngearánach a ainm nó a hainm a choinneáil faoi rún nó go bhféadfar é nó í a ainmniú, agus gur cuireadh comhairle air nó uirthi dá réir.

**i)** Sonraí an oifigigh imscrúdaithe.

**j)** An dáta a ndearnadh teagmháil linn ar dtús.

**k)** An dáta a gcuirfear tús leis an imscrúdú.

**l)** Sonraí maidir le himscrúdú, maoirsiú agus dúnadh an cháis.



## 4.4 An Freagróir

Nuair is féidir é, déanfar na sonraí seo a leanas a thaifeadadh ar an gcóras gearán:

- **a)** Ainm agus seoladh an fhreagróra. (Uimhir theileafóin, más eol í)
- **b)** Tosca Riosca (faisnéis is ceart a bheith ag an bhfoireann imscrúdaithe faoin duine seo)
- **c)** Cibé an duine fásta nó duine óg é nó í an freagróir.
- **d)** An dáta agus an áit a ndearnamar teagmháil leis an bhfreagróir ar dtús (sa bhaile/Halla an Chontae)
- **e)** Dáta agus áit an agallaimh (sa bhaile/Halla an Chontae)
- **f)** Sonraí na ngníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu leis an gcás (más gníomhaireacht eile ar bith)
- **g)** Ainm an Gharda, an Oibrí Shóisialta, na heagraíochta neamhrialtasaí, nó na ngairmithe eile, más ábhartha.
- **h)** Sonraí iomlána an imscrúdaithe.
- **i)** Sonraí maidir le dúnadh an cháis agus tuairisc don fhreagróir.

## 4.5 Rúndacht

Coinnítear faoi rún na sonraí sa chóras gearán, agus déantar gach iarracht a chinntiú nach n-aithneofar na gearánaigh. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ceart de réir dlí í an rúndacht, agus gur féidir leis na Cúirteanna nó le hOifig an Choimisinéara Faisnéise a leagan síos nach bhfuil cead againn sonraí na ngearánach a choinneáil faoi rún.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun gearáin mhailíseacha agus cinn chráiteacha a aithint agus déileáil go cuí leo nuair a tharlaíonn siad.

Ní bhíonn fáil ar an mbunachar gearán ach ag daoine údaraithe amháin. Bíonn gach comhad páipéir faoi ghlas agus tá an bunachar gearán faoi chosaint pasfhocail. Leis sin, comhlíontar an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 agus na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí, 2018, ar reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh iad.

Coinnítear gach taifead de réir Bheartas Coinneála Taifead na Comhairle, agus de réir an Achta um Chosaint Sonraí.



## 4.6 Saoráil Faisnéise

Faighimid iarrataí um Shaoráil Faisnéise ó dhaoine ar mian leo a fháil amach cé a rinne gearán ina gcoinne. Mar sin féin, faoi Ailt 32, 35, 37, agus 42(m) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014[17], ceadaítear dúinn gan faisnéis a thabhairt lena bhféadfaí a aithint cé hé nó hí an gearánach. Cosnaítear faisnéis phearsanta freisin ionas nach ndéanfar í a nochtadh.

- Bíonn roinnt gearán chomh sonrach sin nach féidir a choinneáil faoi rún cé hé nó hí an gearánach. Mar shampla, má rinne duine líomhain faoi ionsaí, tá an freagróir i dteideal a fháil amach cé a líomhnaítear a ionsaíodh. Ar an gcaoi chéanna, má dhéantar líomhain go ndearnadh damáiste do charr, tá an freagróir i dteideal a fháil amach cén carr a líomhnaítear a ndearnadh damáiste dó. Is amhlaidh atá de réir phrionsabail an phróisis chuí, na cothroime agus an cheartais aiceanta. Caithfidh Údaráis Áitiúla, agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, cloí leis na prionsabail sin.
- Más dócha go bhfaighfear amach cé a rinne gearán mar gheall ar an gcineál gearáin atá i gceist, cuirfimid é sin ar a shúile nó a súile don ghearánach sula ndéanfar imscrúdú ar an ngearán.
- Ó am go chéile, féadfaimid cuairt a thabhairt ar sheoltaí an ghearánaigh chun soiléiriú a dhéanamh ar aon líomhaintí a rinneadh. Déanfar gach iarracht a bheith discréideach, agus ní ghlaofaimid chuig an teach ach amháin mura bhfuilimid in ann teagmháil a dhéanamh leat ar bhealaí eile.



## 4.7 Daoine anaithnide a bhfuil baint acu le hiompar frithshóisialta

Ní féidir linn gearáin i gcoinne daoine nach n-ainmnítear a fhiosrú. Baineann sé sin le gearáin ar nós daoine a bheith ag bailiú le chéile in eastáit. Mura bhfuil ainm nó seoladh againn mar phointe tosaigh, ní féidir linn dul ar aghaidh leis an imscrúdú. Cuirfear an cás ar aghaidh chuig an nGarda Síochána agus chuig an nGarda Pobail ionas gur féidir leo siúd beart cuí a dhéanamh. Tá an reachtaíocht maidir le hiompar frithshóisialta ceaptha le feidhmiú i bpobal, agus meastar go mbeidh aithne nó súil-aithne ag formhór na ngearánach ar na daoine atá i gceist nó go mbeidh a fhios acu cá bhfuil cónaí orthu.

17 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/30/section/42/enacted/en/html#sec42

## 4.8 Uimhir Thagartha an Ghearáin

Tugtar uimhir thagartha ar leith do gach gearán, agus tabharfar an uimhir sin don ghearánach ach í a iarraidh.

## 4.9 Mar a dhéantar gearáin a rangú

Déantar gearáin a rangú ag brath ar an líomhain agus d'fhéadfadh aon rud idir mhangaireacht drugaí agus ghairdín míshlachtmhar a bheith i gceist leo. Léirítear sa tábla thíos na cineálacha éagsúla gearán agus an chatagóir ina bhfuil an freagra ón Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí.

| An Chatagóir ina bhfuil an Gearán | Tosaíocht |
|---|---|
| Mangaireacht Drugaí | Ard |
| Foréigean | Ard |
| Bagairtí/Imeaglú | Ard |
| Damáiste Coiriúil | Ard |
| Ciapadh/Scanradh/Crá | Ard |
| Coir Fuatha | Ard |
| Gríosú chun Coir Fuatha a Dhéanamh | Ard |
| Torann | Íseal |
| Síománaíocht/Núis | Íseal |
| Gearán a bhaineann le hAlcól | Íseal |
| Madraí | Íseal |
| Gairdín Míshlachtmhar | Íseal |
| Sárú Eile ar an gComhaontú Tionóntachta | Íseal |
| Dó Neamhshrianta | Íseal |
| Bruscar/Cothabháil | Íseal |


**Fíor 3.0 Mar a dhéantar gearáin a rangú**

Léirítear i bhFíor 4.0 (ar an gcéad leathanach eile) na gearáin a fuarthas in 2020. Mar a dúradh cheana, rachaimid i dteagmháil leis an ngearánach laistigh de lá oibre amháin agus cuirfimid tús le himscrúdú laistigh de chúig lá oibre má bhíonn na hacmhainní ar fáil chuige sin.

Leis an gcóras a úsáidimid, is féidir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Idirdhealú a dhéanamh idir daoine aonair agus seoltaí.
- Idirdhealú a dhéanamh idir tionóntaí atá ann faoi láthair agus iar-thionóntaí.
- Na gearáin a chatagóiriú mar atá leagtha amach thuas.
- Taifead uathoibríoch a dhéanamh ar an uair a dhéantar gearán a nuashonrú.
- A chur in iúl céard é stádas an imscrúdaithe faoi láthair.
- Cúlra iomlán na ngearán a tháirgeadh.

- Treochtaí maidir le hiompar frithshóisialta a aithint.
- Nascadh le rannóga eile atá faoi chúram na Rannóige Tithíochta.





See accompanying table for labels

**Fíor 4.0 Cásanna Iompair Frithshóisialta in DLRD in 2020**

## 4.10 Gearáin faoi Thorann.

Tá méadú mór tagtha ar líon na ngearán faoi thorann le cúig bliana anuas agus is gearáin den chineál sin iad 20% de na gearáin ar fad a fuarthas. Aithnímid go gcuireann torann as go mór dár dtionóntaí agus dá dteaghlaigh agus go mbíonn imní orthu dá bharr.




**Fíor 5.0 Gearáin faoi Thorann ó 2016 go 2020**

Is rudaí suibiachtúla iad gearáin faoi thorann agus is deacair imscrúdú a dhéanamh orthu ós rud é gur gnách gan aon fhianaise thacaíochta a bheith ann. Go ginearálta, ní féidir le Comhairlí gearáin den chineál seo a réiteach mar go mbítear ag brath ar fhocal duine amháin i gcoinne duine eile. D'fhéadfadh gearáin mhailíseacha a bheith i gceist leis na cásanna sin, cinn ar deacair iad a chruthú nó a bhréagnú agus nach bhféadfaí ionchúiseamh a bhunú orthu a mbeadh seans ann go n-éireodh leis.

> Is faoi thorann a bhí 20% de na gearáin

Is é an cur chuige atá againn sna cásanna seo ná cloí leis an gcleachtas idirnáisiúnta a nglactar leis, is é sin an gearánach a chur ar an eolas faoin ngníomh is féidir leis nó léi a dhéanamh de réir Alt 108 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus an Phrótacail Náisiúnta chun déileáil le Gearáin faoi Thorann i gcás Údaráis Áitiúla. (S2.2)[18]

Mar sin féin, déanfaimid ár ndícheall na gearáin achrannacha seo a fhiosrú agus aird a dhíriú ar fhadhb an torainn trínár gcúrsaí réamhthionóntachta.

## 4.11 Foréigean Teaghlaigh.

In Alt 16 de Chiorclán H5/97 na Roinne Comhshaoil dar dáta an 13 Meitheamh 1997, sonraítear nach ionann cásanna Foréigin Baile agus iompar frithshóisialta agus gur gá déileáil leo faoin Acht um Fhoréigean Baile, 2018. Is iad na príomhghníomhaireachtaí atá freagrach as cásanna foréigin teaghlaigh a imscrúdú ná an Garda Síochána agus Tusla.

Tá Foréigean Baile fágtha as an áireamh d'aon ghnó ón reachtaíocht ionas nach féidir le hÚdaráis Áitiúla caingean dlí a ghlacadh i leith aighneas idir beirt phósta nó beirt a bhfuil caidreamh eatarthu. Cuirtear cásanna den sórt sin ar aghaidh chuig ár nOifigeach Leasa Tithíochta, agus cuirfidh an té sin na tionóntaí ar aghaidh chuig na gníomhaireachtaí cuí.



## 4.12 TUSLA agus Cosaint Leanaí

Nuair a chuirtear ar ár súile dúinn go bhfuil páiste i gcontúirt, nó i mbaol contúirte, ar chúis ar bith, cuirfimid TUSLA ar an eolas trína dtairseach gréasáin. Tá an cur chuige sin ag teacht lenár Ráiteas um Chosaint Leanaí[19] agus lenár mBeartas um Chosaint

Leanaí.20

18 An Prótacal Náisiúnta maidir le Déileáil le Gearáin faoi Thorann

19 https://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/dlr_child_safeguarding_statement_pdf.pdf

20 Beartas um Chosaint Leanaí

## 4.13 Madraí/Peataí/Ainmhithe

Is iondúil go ndéantar ábhair a bhaineann le madraí a chur faoi bhráid ár Rannóige um Rialú Madraí. Soláthraíonn conraitheoir áis an phóna madraí agus an tseirbhís maorachta madraí thar ceann na Comhairle. Cuireann an maor an reachtaíocht ábhartha i bhfeidhm maidir le madraí a rialú. Ní cheadaítear madraí faoi chuid dár dtionóntachtaí agus cuirfear é sin in iúl duit sula síneoidh tú an comhaontú i leith an áitribh. Is féidir le hainmhithe agus le peataí a bheith ina núis i dtionóntacht, ach ní dhéanfaimid imscrúdú ar na gearáin sin ach amháin má bhíonn fáil ar acmhainní agus mura n-éiríonn le hidirghabháil ón maor madraí. Rachaimid i gcomhairle leis an Rannóg um Rialú Madraí dá réir. Is féidir le gearánach iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche faoin Acht um Rialú Madraí maidir le núis leanúnach de bharr madra a bheith ag tafann.



Caithfidh ceadúnas madra a bheith ag aon duine a choinníonn madra. Féadfar fíneálacha a eisiúint do dhaoine nach bhfuil ceadúnas acu dá madra.

Tá cosc ar chapaill inár dtionóntachtaí agus fostaíonn an Chomhairle conraitheoir chun capaill fhiáine a bhailiú agus a chur i stábla.

## 4.14 Carnadh bruscair/gairdíní míshlachtmhara.

Sárú ar a gcomhaontú tionóntachta agus guais sláinte is ea dramhaíl tí a bheith á carnadh ag tionónta i ngairdín, ós rud é gur iondúil go dtagann mionainmhithe foghla chuig an ngairdín sna cúinsí sin. Is gnách go dtarlaíonn cásanna den chineál seo nuair a bhíonn tacaíocht ag teastáil ón tionónta agus is iondúil go gcuirimid an cás faoi bhráid ár seirbhíse tacaíochta tionóntachta. Tugtar méid ama réasúnta don tionónta chun fáil réidh leis an mbruscar sula nglacfar beart eile.

Is sárú ar an gcomhaontú tionóntachta é bruscar a charnadh agus gairdín a bheith míshlachtmhar. Chomh maith leis sin, is cion é dramhaíl a stóráil i ngairdíní faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2015. Is féidir lenár Rannóg Forfheidhmithe Comhshaoil daoine a ionchúiseamh faoin Acht sin má dhéanann siad bruscar a charnadh. Is féidir fíneálacha bruscair a eisiúint freisin as fadhbanna bruscair i ngairdíní tosaigh nó áit a bhfuil bruscar le feiceáil ó áit phoiblí.

## 4.15 Aighneas faoi Theorainneacha

Uaireanta, tarlaíonn aighneas faoi theorainneacha – rudaí ar nós crainn a bheith ag fás os cionn gairdíní eile, aighneas faoi fhálta agus easaontas faoi bhallaí agus sconsaí teorann. Mura féidir le comharsana an cheist a réiteach eatarthu féin agus má tá achrann eatarthu cheana féin, déanfaimid idirghabháil agus déanfaimid iarracht an fhadhb a réiteach.

# **Cuid 5** Imscrúdú agus Dúnadh Cásanna



# **Cuid 5** Imscrúdú agus Dúnadh Cásanna

## 5.1 Conas a dhéantar gearán a imscrúdú



Déanfaimid imscrúdú ar gach gearán ar bhealach atá cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil. D'fhéadfadh fiosrúcháin le gníomhaireachtaí reachtúla eile, tionóntaí/cónaitheoirí eile agus coistí cónaitheoirí a bheith i gceist leis sin. Féadfaimid fiosrúcháin ó theach go teach a dhéanamh in eastáit chun teacht ar fhinnéithe. I gcásanna áirithe, féadfaimid córais CCTV a úsáid chun teacht ar fhianaise ar iompar frithshóisialta.

## 5.2 Ógánaigh

De ghnáth, ní chuirtear ógánaigh faoi agallamh mura mbíonn gá leis sin. Teastaíonn cead ó thuismitheoir/caomhnóir an ógánaigh, agus caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir a bheith i láthair.

## 5.3 Mangaireacht Drugaí

Ní ghlacfar le mangaireacht drugaí inár dtithe ná inár n-eastáit. Is é an Garda Síochána an phríomhghníomhaireacht atá freagrach as mangaireacht drugaí a fhiosrú. Cuirfear gach gearán ar aghaidh chuig na Gardaí láithreach bonn agus rachaimid i gcomhairle leo dá réir. Próiseas Sibhialta is ea ár bhfreagra féin agus bíonn tús áite ag aon ghníomh coiriúil a dhéanann an Garda Síochána. Fágann sé sin uaireanta go gcaithfimid fanacht go ndéantar duine a chiontú sula dtéann ár gcás chun cinn trí na Cúirteanna. Má bhíonn an mhangaireacht drugaí ar bun go leanúnach agus má tá méid mór drugaí i gceist, is féidir linn dul díreach chuig an gCúirt gan rabhadh a thabhairt, chun iarratas a dhéanamh ar Ordú Sealbhaithe nó Ordú Eisiaimh. Bíonn an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí ag obair i ndlúthpháirt leis na Scuaid Drugaí áitiúla i gceantair éagsúla an Gharda Síochána.



## 5.4 Foréigean agus Bagairtí maidir le Duine a Mharú

I gcás gearáin thromchúiseacha den chineál sin, molfar do ghearánaithe an t-ábhar a thuairisciú don Gharda Síochána. Tuigimid, áfach, nach dteastaíonn ó roinnt daoine, ar chúis éigin, a bheith ag plé leis na Gardaí. Ní fhágfaidh sé sin nach ndéanfaimid an gearán a fhiosrú, mar ní ghlacfar ar ár n-eastáit le foréigean, bagairtí duine a mharú, bagairtí coirloscadh a dhéanamh, agus líomhaintí tromchúiseacha i leith an duine.

## 5.5 Agallaimh

Féadfar agallamh a chur ar an bhfreagróir ina theach nó a teach féin, nó inár n-oifigí i gcásanna áirithe. Mura dtabharfaidh freagróirí aon aird ar chártaí lena bhfógrófar gur thugamar cuairt orthu, cuirfear in iúl dóibh i scríbhinn go bhfuil líomhain ina gcoinne faighte againn maidir le hiompar frithshóisialta. Iarrfar orthu teagmháil a dhéanamh linn. Cuirfear gach líomhain faoi bhráid an fhreagróra agus déanfar taifead sa bhunachar gearán ar aon ráitis a dhéanfar. Cuirfear in iúl don fhreagróir go bhféadfaidh cara nó ionadaí eile a bheith in éineacht leis nó léi ag an agallamh. Míneofar, áfach, nach mór d'aon chara nó ionadaí a bheidh i láthair ainm agus seoladh a thabhairt agus gan cur isteach ar an agallamh ar bhealach ar bith. Is ann dóibh chun cuidiú teacht ar réiteach ar aon deacrachtaí cumarsáide idir an t-agallóir agus an t-agallaí. Déanfar aon fhreagraí a fhiosrú go hiomlán agus a mheas de réir mar is cuí.




Déanfar gach iarracht freagra a fháil ar na líomhaintí agus a chinntiú go leanfar próiseas cuí agus nósanna imeachta cothroma.

I gcásanna tromchúiseacha, is i Halla an Chontae a chuirfear agallamh ar an bhfreagróir. Déanfaimid gach iarracht freastal ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas agus cinnteoimid go mbeidh daoine fásta/ateangairí cuí i láthair ag an agallamh. Cuirfear in iúl don fhreagróir cé na cearta atá aige nó aici agus tabharfar nótaí an agallaimh dó nó di lena síniú.

## 5.6 Cinntí agus Cothrom na Dóchúlachta

I gcás aon duine nach dtabharfaidh freagra ar imscrúdú nó a sheachnóidh teagmháil a dhéanamh linn, d'fhéadfadh sé go seasfaí le gearán ina choinne nó ina coinne. Sna cásanna sin, is féidir linn cinneadh a dhéanamh bunaithe ar na fíricí agus ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil dúinn. Déantar an cinneadh sin ar bhonn chothrom na dóchúlachta agus phrionsabail an Dlí Shibhialta.

## 5.7 Dúnadh Cáis

Nuair a bheidh imscrúdú déanta againn ar ghearán, féadfaimid ceann amháin nó níos mó acu seo a leanas a dhéanamh:

### 5.7.1 Gan Gníomh Breise a Dhéanamh

Má tá forais réasúnacha againn lena chreidiúint go bhfuil an gearán gan bhunús nó gur le mailís a rinneadh é, ní dhéanfar aon ghníomh eile i gcoinne an fhreagróra.


### 5.7.2 Comhairle

Is iondúil go gcuirimid comhairle ar an dá pháirtí sa chás nach bhfuil iomlán an chirt ar cheachtar taobh agus/nó ina bhfuil gearán fánach i gceist. Cuirimid comhairle ar dhaoine freisin má bhaineann an gearán le páiste an-óg, atá faoi bhun aois na freagrachta coiriúla, agus ina bhfuil sé níos cuí comhairle a chur ná an cás a chur faoi bhráid gníomhaireachtaí cuí eile. Go ginearálta, ní bhíonn freagracht choiriúil ar pháistí go dtí go mbíonn siad 12 bhliain d'aois.




### 5.7.3 Cur ar aghaidh chuig an tSeirbhís Leasa Tithíochta/Cothaithe Tionóntachta

Baineann roinnt cásanna le teaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta leasa acu, nó deacrachtaí meabhairshláinte, fadhbanna andúile nó fadhbanna a bhaineann le foréigean teaghlaigh. Is iondúil go mbíonn tacaíocht agus cúnamh ag teastáil sna cásanna sin. Cuirfear na cásanna sin ar aghaidh chuig an tSeirbhís Leasa Tithíochta nó chuig an tSeirbhís Cothaithe Tionóntachta sa chaoi is gur féidir cabhair agus comhairle chuí a thabhairt. Cuirimid cásanna ar aghaidh freisin chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), TUSLA, Seirbhísí Meabhairshláinte, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus Comhlachtaí Deonacha Tithíochta ionas gur féidir leo sainchúnamh agus saintacaíocht a thabhairt.




### 5.7.4 Cur ar aghaidh chuig Rannóga eile

Cuirfear roinnt cásanna ar aghaidh chuig Rannóga eile de chuid na Comhairle ionas go ndéanfar gníomh cuí. Ina measc siúd tá na rannóga a bhíonn ag plé le Rialú Madraí, Rialú Bruscair, Forfheidhmiú Comhshaoil agus Rialú Pleanála.

### 5.7.5 Cur ar aghaidh chuig Gníomhaireachtaí eile ar nós na nGardaí/TUSLA/FSS

Bíonn roinnt gearán chomh tromchúiseach go gcuirtear an gearánach ar aghaidh láithreach chuig an nGarda Síochána agus/nó TUSLA (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Is iondúil gur gearáin faoi mhangaireacht drugaí ar ár n-eastáit agus saincheisteanna a bhaineann le cosaint leanaí a bhíonn i gceist leo sin. Is féidir cásanna a chur ar aghaidh freisin chuig Buíon Bhunchúraim FSS, dream a thugann tacaíocht do dhaoine aosta.



### 5.7.6 Réiteach Aighnis

Tá idirghabhálaithe oilte ar fáil againn chun cabhrú le haighneas idir comharsana a réiteach. D'éirigh go maith leis an tseirbhís sin san am a chuaigh thart agus tá sí ar fáil do dhaoine ar mian leo leas a bhaint aisti. Tá an tseirbhís úsáideach go háirithe le haghaidh aighneas faoi theorainneacha. É sin ráite, tá an tseirbhís dian ar acmhainní agus ní bhainfear leas aisti ach de réir mar a bhíonn na hacmhainní ar fáil.

### 5.7.7 Gealltanas Foirmiúil nó Conradh maidir le hIompar Inghlactha

Bíonn feidhm ag an gcur chuige seo nuair a thagaimid ar chomhaontú leis an bhfreagróir go dtiocfaidh deireadh le gach iompar den sórt a tuairiscíodh. Comhaontú i scríbhinn a bhíonn i gceist agus cuireann Oifigeach de chuid na Comhairle a ainm nó a hainm leis mar fhinné.

### 5.7.8 Rabhadh ó Bhéal

Is rabhadh ó bhéal é seo chun stop a chur leis an iompar núise nó leis an iompar frithshóisialta. Is iondúil nach mbaintear úsáid as ach amháin i gcás céad chionta nó iompar frithshóisialta fánach. Nuair a thugaimid rabhadh ó bhéal, déanaimid é sin a thaifeadadh ar chomhad tionóntachta an duine.

### 5.7.9 Litir ina bhfuil Fógra Tionóntachta

Is rabhadh i scríbhinn é seo chun stop a chur leis an iompar núise nó leis an iompar frithshóisialta. Is iondúil gur i gcás cionta tromchúiseacha amháin a úsáidtear an litir sin. Leis an



rabhadh sin, tugtar fógra roimh ré don tionónta go bhfuil sé nó sí (nó duine den teaghlach) ag sárú an Chomhaontaithe Tionóntachta agus go bhfuil an baol ann go bhfaighfear Rabhadh Tionóntachta.

### 5.7.10 Rabhadh Tionóntachta

Is rabhadh dlíthiúil i scríbhinn é seo ina n-iarrtar go gcuirfear stop leis an iompar núise nó leis an iompar frithshóisialta.

Má leanann an t-iompar ar aghaidh, féadfar Rabhadh Reachtúil Tionóntachta a eisiúint. Leis an Rabhadh Tionóntachta, cuirtear in iúl don tionónta (nó do na tionóntaí) go bhfuil an Chomhairle den tuairim go bhfuil an comhaontú tionóntachta sáraithe aige nó aici, nó ag duine den teaghlach. Sonraítear sa cháipéis na téarmaí a sáraíodh agus tugtar rabhadh don tionónta nó na tionóntaí cad ba cheart a dhéanamh ionas nach mbeidh an baol ann go gcuirfear é, í, nó iad as an áitreabh.

Má tharlaíonn an t-iompar arís laistigh de 12 mhí, is féidir linn tús a chur leis an bpróiseas díbeartha.

### 5.7.11 Achomharc maidir le Rabhadh Tionóntachta nó Athbhreithniú air

Tá sé de cheart ag an tionónta nó ag a tionóntaí athbhreithniú a lorg ar an gcinneadh Rabhadh Tionóntachta a eisiúint mura nglacann sé nó sí leis go ndearnadh sárú ar an gcomhaontú tionóntachta. San iarratas ar athbhreithniú:

a. ní mór breac-chuntas a thabhairt ar na forais ar a bhfuil an tionónta ag cur i gcoinne na cúise atá leis an Rabhadh Tionóntachta agus

b. ní mór a shonrú an mian leis an tionónta nó le duine de theaghlach an té sin uiríll ó bhéal a dhéanamh mar chuid den athbhreithniú.

Caithfidh an t-iarratas ar athbhreithniú a bheith faighte ag an Rannóg Tithíochta laistigh de 10 lá oibre. Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach síneadh ama 10 lá oibre eile ar a mhéad a chur leis sin i gcúinsí áirithe atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Ceapfaidh an Príomhfheidhmeannach Oifigeach Athbhreithnithe nach raibh baint aige nó aici leis an gcinneadh an Rabhadh Tionóntachta a eisiúint. Beidh an tOifigeach Athbhreithnithe ar ghrád níos airde ná an té a d’eisigh an Rabhadh Tionóntachta.

Ní mór gach iarratas ar athbhreithniú a sheoladh chuig an bPríomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

### 5.7.12 Cáschruinniú

Tionóltar Cáschruinniú chun roghanna maidir le cásanna tromchúiseacha a phlé. Is iondúil go mbíonn cinneadh i gceist leis sin maidir le cé acu caingean dlí a thionscnamh nó gan é sin a dhéanamh. Freastalaíonn Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach na Rannóige Tithíochta air agus uaireanta bíonn baill foirne shinsearacha eile den Rannóg Tithíochta i láthair freisin. Cuireann an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí a chás i láthair agus déanann sé moladh. Pléitear an t-ábhar, agus is féidir na cinntí seo a leanas

a dhéanamh:

- **Cur ar ais** – féadfar an cheist a chur ar ais chuig an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí le haghaidh tuilleadh fiosrúchán
- **Iarratas a dhéanamh ar Ordú Eisiaimh –** sa chás ina bhfuil cur chuige spriocdhírithe níos oiriúnaí, féadfaimid a chinneadh gur cheart Ordú Eisiaimh a lorg. Má tharlaíonn sé sin, cuirfear an cinneadh sin in iúl don tionónta. Mar sin féin, mura ndéanfaidh an tionónta iarratas ar Ordú Eisiaimh, mar gheall ar fhoréigean, bagairt nó faitíos, nó ar chúis ar bith, féadfaimid iarratas a dhéanamh ar ordú den sórt sin tar éis fógra a thabhairt don tionónta (Féach 6.2.1). Tá an rogha sin ar fáil freisin, faoi choinníollacha áirithe, i gcás úinéirí áitreabh a bhíodh faoi sheilbh an Údaráis Áitiúil.
- **Iarratas Sealbhaithe a Thionscnamh chuig an gCúirt Dúiche** – féadfaimid a chinneadh beart a dhéanamh chun deireadh a chur leis an tionóntacht faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 nó faoi phíosa reachtaíochta eile nuair is cuí.

# Cuid 6
## Imeachtaí Dlí



# **Cuid 6** Imeachtaí Dlí

## 6.1 Caingean Dlí

Breithneofar caingean dlí i gcásanna a bhaineann le mangaireacht drugaí i gceann dár n-áitribh nó ar an eastát. I gcásanna tromchúiseacha eile, cuirfear san áireamh tosca ar nós líon na ngearán, litreacha a eisíodh agus Rabhaidh Thionóntachta ina measc, an tionchar ar íospartaigh, cineálacha éagsúla iompair, agus tuairimí ón nGarda Síochána agus FSS.

Lorgóidh an Chomhairle cúnamh ón nGarda Síochána i ngach cás dlí a bhaineann le hiompar frithshóisialta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin gur féidir leis an gComhairle, faoin reachtaíocht, caingean dlí a thionscnamh i gcásanna tromchúiseacha gan rabhadh a thabhairt.



Is iad seo a leanas an dá chineál caingne dlí atá ar fáil dúinn chun déileáil le hiompar frithshóisialta:

- Orduithe Eisiaimh agus
- Orduithe Sealbhaithe

## 6.2 Orduithe Eisiaimh

Is éard is Ordú Eisiaimh ann ná Ordú a dheonaíonn an Chúirt Dúiche d'Údarás Tithíochta chun duine a stopadh ó dhul isteach in áitreabh áirithe nó in eastát iomlán. Ní mór a chruthú go raibh an duine ag gabháil d'iompar frithshóisialta agus gur ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit atá an t-ordú á lorg. Is féidir le Tionóntaí, Comhlachtaí Deonacha Tithíochta, agus Údaráis Áitiúla iarratas a dhéanamh ar na horduithe sin. Fágann sé sin nach féidir teaghlach iomlán a dhíbirt mura bhfuil ach duine amháin ag gabháil don iompar.

Féadfaidh Orduithe Eisiaimh a bheith bailí ar feadh trí bliana agus déantar an t-iarratas de réir Alt 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997.[21]

### 6.2.1 Nós Imeachta maidir le hOrdú Eisiaimh

Is é seo a leanas an nós imeachta a leanfaimid chun ordú eisiaimh a fháil:

a) Déanfar cinneadh tar éis Cáschruinniú a thionól.
b) Is ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastát a dhéanfar é.
c) Rachfar i gcomhairle leis an bhfreagróir agus ceadófar dó nó di aighneacht i scríbhinn a chur isteach maidir leis an ordú atá beartaithe.
d) Rachfar i gcomhairle leis an nGarda Síochána i gcásanna áirithe.
e) Cuirfear an tionónta ar an eolas i scríbhinn.

21 http://www.irishstatutebook.ie/eli/1997/act/21/section/3/enacted/en/html#sec3

- **f)** Dréachtóidh agus síneoidh na baill foirne ábhartha Ordú ón bPríomhfheidhmeannach lena n-údarófar na himeachtaí dlí.
- **g)** Tabharfaidh an Garda Síochána, Oifigigh na Comhairle agus, i gcásanna áirithe, finnéithe ábhartha fianaise sa Chúirt.
- **h)** Má dheonaíonn na Cúirteanna é, mairfidh an tOrdú ar feadh trí bliana ach amháin i gcásanna nach mbaineann an oiread suntais leo.
- **i)** Cuirfear aon sárú ar an Ordú faoi bhráid an Gharda Síochána lena fhorghníomhú.

## 6.3 Orduithe Sealbhaithe



Is féidir le hÚdarás Áitiúil iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun ceann dá áitribh a athshealbhú mar gheall ar iompar frithshóisialta. Tugtar 'Imeachtaí Sealbhaithe' air sin nó uaireanta is 'imeachtaí díbeartha' nó 'imeachtaí díshealbhaithe' a thugtar air.

Déantar an t-iarratas de réir Alt 12 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.[22] Bíonn an tionónta i dteideal a bheith i láthair sa chúirt chun an cás a chosaint.
Is féidir le hoifigigh na Comhairle fianaise a thabhairt thar ceann gearánaithe faoi choinníollacha dochta agus de rogha na Cúirte. Mar sin féin, is féidir a cheangal ar ghearánaigh fianaise dhíreach a thabhairt ar an iompar a chonaic siad. Deonaíonn Breitheamh na Cúirte Dúiche an tOrdú Sealbhaithe má chreideann sé nó sí go bhfuil sé comhréireach, cuí é sin a dhéanamh. Cuirtear deireadh leis an tionóntacht an lá a dhíbrítear an tionónta.

### 6.3.1 Nós Imeachta maidir le hOrdú Sealbhaithe

Is é seo a leanas an nós imeachta a leanfaimid chun ordú eisiaimh a fháil:

- **a)** Déanfar cinneadh tar éis Cáschruinniú a thionól.
- **b)** Is ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastát a dhéanfar é.
- **c)** Déanfaidh na baill foirne ábhartha Ordú ón bPríomhfheidhmeannach a dhréachtú agus a shíniú lena n-údarófar Iarratas Sealbhaithe a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche nó deireadh a chur leis an tionóntacht ar bhealach dleathach eile.
- **d)** Seirbheálfar Fógra maidir le hImeachtaí Beartaithe ar an tionónta.
- **e)** Tabharfar an deis don tionónta an cás a chosaint ag an gCúirt Dúiche.
- **f)** Rachfar i gcomhairle leis an nGarda Síochána i gcásanna áirithe.
- **g)** Cuirtear deireadh leis an tionóntacht ar an dáta a gheobhaidh an Chomhairle seilbh ar an áitreabh faoin Ordú de réir Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.
- **h)** Más faoi reachtaíocht eile a bheidh seilbh á lorg, cuirfear deireadh leis an tionóntacht trí 'Fógra Fágála' a sheirbheáil. Áirítear leis an reachtaíocht eile imeachtaí Díshealbhaithe Shibhialta nó iarratais a chuirtear díreach os comhair

na Cúirte Cuarda.

22 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/21/section/12/enacted/en/html#sec12

## 6.4 Suiteoirí



Iarrfaimid láithreach ar an nGarda Síochána cúnamh a thabhairt dúinn fáil réidh le suiteoirí atá i mbun iompar frithshóisialta. Iarrfar ar Gharda a ordú don duine sin an t-áitreabh a fhágáil nó go bhféadfaí é nó í a ghabháil agus a ionchúiseamh. Déantar sin de réir Alt 20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 arna leasú.

Ní hionann suiteoirí agus áititheoirí mídhleathacha, mar is gnách go mbriseann siad isteach in áitribh thréigthe agus is iondúil nach mbíonn aon cheangal acu leis an áitreabh féin. Treaspás a bhíonn ar bun acu agus má bhíonn siad ag gabháil d’iompar frithshóisialta is féidir leis an nGarda Síochána iad a ghabháil láithreach má dhéanann an tÚdarás Áitiúil gearán.

## 6.5 Campaí Neamhdhleathacha

Déanfaimid imscrúdú ar champaí mídhleathacha nuair is ann dóibh sa chontae. Tá cumhachtaí dlí éagsúla ar fáil don Chomhairle faoi Alt 10 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 agus faoi Alt 13 agus Alt 69 d’Acht na mBóithre, 1993. Faoi na hAchtanna sin, tugtar an chumhacht d’Údaráis Áitiúla iarraidh ar theaghlaigh bogadh ar aghaidh ón áit a bhfuil siad.

Sna cásanna sin, rachaimid i gcomhairle le Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus déanfaimid iarracht tacaíocht ábhartha a thabhairt do na daoine sa champa mídhleathach.

Tá cumhachtaí ag an nGarda Síochána chun cabhrú le húinéirí talún príobháideacha fáil réidh le campaí mídhleathacha faoin Acht um Ord Poiblí.

# Cuid 7
Tacaíocht



# **Cuid 7** Tacaíocht

## 7.1 Oifigeach Leasa Tithíochta

Fostaíonn an Rannóg Tithíochta a hOifigeach Leasa féin chun cabhrú le tionóntaí le haon cheist leasa a d'fhéadfadh a bheith acu. Aithnímid go dteastaíonn tacaíocht ó roinnt tionóntaí, go hiondúil mar gheall ar chúrsaí meabhairshláinte agus andúile. Déanfaidh an tOifigeach Leasa Tithíochta teagmháil leis an tionónta agus cabhróidh sé nó sí leis an tionónta teacht ar sheirbhísí tacaíochta sa cheantar. Is léir gur tháinig laghdú ar líon na gcásanna iompair fhrithshóisialta agus iompair núise de bharr daoine a bheith á gcur ar aghaidh chuig an Oifigeach Leasa Tithíochta.

Cuirtear cúnamh agus tacaíocht ar fáil freisin do thionóntaí aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.

## 7.2 Seirbhís Tacaíochta Tionóntachta

Cuirimid Seirbhís Cothaithe Tionóntachta ar fáil freisin a bhíonn ag obair i gcomhar leis an Oifigeach Leasa Tithíochta. Cuirtear an tseirbhís ar fáil do thionóntaí atá ag streachailt lena dteaghlach a bhainistiú agus a dtionóntacht a choinneáil ar bun. Tabharfaidh Oifigigh Cothaithe Tionóntachta tacaíocht do thionóntaí a bhfuil riaráistí cíosa orthu, nó a bhfuil fadhbanna leasa agus fadhbanna le hiompar frithshóisialta acu.

Tá an tseirbhís curtha amach ar fochonradh do sholáthróirí seirbhíse.

## 7.3 Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath



Is eagraíocht áitiúil é Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Dheisceart Bhaile Átha Cliath (STAG) a sholáthraíonn cláir agus seirbhísí éagsúla chun freastal ar riachtanais na dTaistealaithe. Tacaíonn STAG le pobal na dTaistealaithe a chur san áireamh mar ghrúpa eitneach a dtugtar aitheantas dó agus a bhfuil meas air i sochaí na hÉireann. Bíonn ár nAonad Cóiríochta do Thaistealaithe ag obair i ndlúthpháirt le STAG chun déileáil le haon saincheisteanna a bhaineann leis na Taistealaithe agus measann foireann an Aonaid sin gur acmhainn fhíorluachmhar í an eagraíocht áitiúil mar go gcuireann sí baill foirne for-rochtana, comhairle agus tacaíocht ar fáil do na Taistealaithe a bhfuil cónaí orthu sa chontae.

# **Cuid 8**
# Seiceálacha Cúlra – Diúltú/Cur Siar



# **Cuid 8** Seiceálacha Cúlra – Diúltú/Cur Siar

## 8.1 Seiceálacha Cúlra



Tá cumhachtaí dlíthiúla againn maidir le faisnéis shonrach a fháil ón nGarda Síochána. Úsáidtear an fhaisnéis sin lena chinneadh an bhfuil cúlra iompair fhrithshóisialta ag an duine. Baineann sé le hiarratasóirí ar thithíocht, le tionóntaí, le duine dá dteaghlach, nó le haon duine a lorgaíonn cead cónaí in teaghais chomhairle. Is féidir linn an fhaisnéis sin a iarraidh freisin ar Údaráis Áitiúla eile, ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar an Roinn Coimirce Sóisialaí, ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar Chomhlachtaí Deonacha Tithíochta.

## 8.2 Cur Siar/Diúltú

Má tá cúlra iompair fhrithshóisialta ag duine, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí orthu freastal ar agallamh sa Rannóg Tithíochta. Déantar é sin lena dhearbhú go bhfuil an fhaisnéis cheart againn faoin gcúlra agus chun freagra a fháil uathu. Déantar cinneadh ansin cibé an dtairgfear tithíocht sóisialta don duine, an gcuirfear siar an tairiscint nó an ndiúltófar aon áit a thairiscint.

## 8.3 Cinneadh

Déantar cinneadh maidir le tithíocht sóisialta a dhiúltú nó an tairiscint a chur siar ar fhorais iompair fhrithshóisialta nó ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit. Cigire Sinsearach nó duine údaraithe a dhéanann an cinneadh agus is féidir achomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig Oifigeach Riaracháin laistigh de 21 lá. Is i scríbhinn a thabharfar an cinneadh agus breithneofar ann na nithe seo a leanas.




- Tromchúis an iompair san am atá caite
- Líon na gcionta
- An cion é a rinneadh le déanaí nó tamall ó shin
- Ceisteanna andúile más ábhartha
- Fianaise ar dhul i ngleic leis an iompar frithshóisialta
- Tionóntachtaí roimhe seo, an cumas chun tionóntacht a choinneáil ar bun
- An baol i dtaobh bainistíocht eastáit, contúirt do dhaoine eile a bhfuil cónaí orthu ar an eastát

## 8.4 Agallamh

Is é cuspóir an agallaimh próiseas cuí agus imeachtaí cothroma a chinntiú. Deis a bheidh ann don iarratasóir a thaobh nó a taobh féin den scéal a thabhairt agus an cúlra a phlé go mion. Tá an t-iarratasóir i dteideal duine a thabhairt chuig an agallamh chun tacaíocht a thabhairt dó nó di. D'fhéadfadh oibrí bunriachtanach a bheith i gceist, nó urlabhraí, duine muinteartha nó cara. An duine a thabharfar chuig an agallamh, ní mór dó nó di gan cur isteach ar an agallamh ná bac a chur air ar bhealach ar bith. Is chun tacaíocht a thabhairt agus cabhrú le haon deacrachtaí cumarsáide atá sé nó sí i láthair. Déanfaidh an tOifigeach Breithiúnachta (an ball foirne a bheidh i mbun an agallaimh) aon fhiosrúcháin bhreise is gá tar éis an agallaimh agus, más gá, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an nGarda Síochána. Déanfar na fíricí go léir atá ar fáil a mheas agus eiseofar i scríbhinn an chúis atá leis an gcinneadh.

## 8.5 Dea-Bhainistíocht Eastáit[23]

Sainmhínítear Dea-Bhainistíocht Eastáit sa dlí. Go ginearálta, is éard is brí leis an téarma sin ná iompar frithshóisialta a chosc agus a sheachaint in eastáit na Comhairle agus leas na dtionóntaí a chur chun cinn maidir le taitneamh a bhaint as a n-áit chónaithe. Tá dualgas cúraim orainn i leith na dtionóntaí atá againn faoi láthair agus dár bpobail agus is féidir linn tithíocht shóisialta a dhiúltú ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit. Beidh an próiseas céanna a luaitear thuas i bhfeidhm, agus cuirfear agallamh ar an iarratasóir agus tabharfar gach deis dó nó di freagra a thabhairt.

Tuigimid nach n-oireann roinnt cineálacha tithíochta agus tionachtaí do roinnt iarratasóirí mar gheall ar a sainriachtanais nó a gcúlra, agus diúltófar tithíocht do roinnt iarratasóirí go dtí go mbeidh an áit agus an t-eastát cuí ar fáil. Is sampla é sin den dea-bhainistíocht eastáit agus den chaoi a mbainimid amach cothromaíocht idir riachtanas tithíochta an duine aonair agus leasanna níos leithne na dtionóntaí agus na n-úinéirí tí sa chontae.

Seo a leanas samplaí eile den dea-bhainistíocht eastáit.

- Seachnóimid an iomarca daoine den teaghlach céanna nó den teaghlach sínte céanna a chur ag cónaí san eastát céanna.
- I gcás iarratasóirí a díbríodh roimhe seo ó eastát áirithe, ní thabharfaimid cóiríocht dóibh san eastát céanna arís.
- Beimid aireach ar chomhtháthú sóisialta agus áiteanna cónaithe á ndáileadh chun pobail inbhuanaithe a spreagadh.




- Cinnteoimid go dtabharfar na tacaíochtaí riachtanacha do Thaistealaithe ach iad a iarraidh nuair a thairgtear tionóntachtaí dóibh in eastáit chaighdeánacha tithíochta. Leis sin, féachfar chuige go n-éireoidh leis an tionóntacht agus leis an aistriú ó chóiríocht do Thaistealaithe go dtí an pobal socraithe.

23 http://www.irishstatutebook.ie/eli/1997/act/21/section/1/enacted/en/html#sec1

- Glacfar cúram mór lena chinntiú go gcuirfear áit ar fáil do dhaoine san eastát is cuí.
- Is éard a bheidh i gceist leis sin ná agallamh a chur ar na hiarratasóirí chun freagra a thabhair ar aon chúis imní maidir le difríochtaí cultúrtha.
- Baineann na prionsabail chéanna le grúpaí leochaileacha eile agus le mionlaigh eitneacha nuair is gá.
- Is cuid é sin de thiomantas na Comhairle do chomhionannas agus do chearta an duine do chách.

## 8.6 An cás nach gcuirtear faisnéis ar fáil

Tá cumhachtaí againn freisin chun diúltú do thithíocht shóisialta a chur ar fáil mura luafaidh an t-iarratasóir faisnéis ábhartha. Diúltófar don iarratas ón duine sin go dtí go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil.



Eiseofar an cinneadh seo i scríbhinn agus míneofar an cinneadh agus an fáth a meastar an fhaisnéis a iarradh a bheith ábhartha. Tá feidhm ag an bpróiseas achomhairc céanna.

Féadfaidh sé seo a bheith i gceist i gcás iarratasóirí a raibh cónaí orthu i ndlínse eile. Níl cumhachtaí dlíthiúla ag Údaráis Áitiúla chun faisnéis a iarraidh ó Fhórsaí Póilíní eile. Iarrfar ar an iarratasóir an fhaisnéis sin a chur ar fáil. Mura ndéanfar sin, d’fhéadfadh an Chomhairle diúltú don iarratas faoin reachtaíocht ábhartha.

## 8.7 Diúltú/Cur Siar ar bhonn na Reachtaíochta

Is é an píosa reachtaíochta faoina gceadaítear an diúltú/cur siar a luaitear thuas ná Alt 14 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997,[24] arna leasú. Tá an Chomhairle meáite ar an bpíosa reachtaíochta sin a chur i bhfeidhm maidir le gach áitreabh a ligtear ar cíos i gcáil tithíocht shóisialta mar chur chuige éifeachtach chun iompar frithshóisialta a laghdú.

## 8.8 Bagairtí ar Fhostaithe de chuid na Comhairle / Imeagla a chur orthu

Ní ghlacfaimid le haon ionsaithe, bagairtí, imeaglú, bac, ciapadh nó cur isteach ar fhostaithe dár gcuid a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an bheartais seo de réir fhorálacha Achtanna na dTithe, 1966 go 2014. Breithneoimid imeachtaí dlí i gcoinne aon duine a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin. Tuairisceofar ionsaithe i gcoinne fostaithe don Gharda Síochána.

24 https://revisedacts.lawreform.ie/eli/1997/act/21/revised/en/html#SEC14

## 8.9 Aistriú ar bhonn Forais a bhaineann le Bainistíocht Eastáit

Breithneofar iarratais ar aistriú ar fhorais a bhaineann le dea-bhainistíocht eastáit i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil bagairt thromchúiseach don bheatha ann nó an bhagairt ann go ndéanfar dochar mór do mhaoin. Caithfidh an t-iompar a bheith ag tarlú le tamall agus a bheith tromchúiseach, agus caithfidh aon aistriú a dhéanfar a bheith ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit. Is annamh a dhéantar an cineál aistrithe sin i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas maidir le haistriú ar fhorais a bhaineann le bainistíocht eastáit:

- Déanfaidh an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí an iarraidh a fhiosrú.
- Lorgóimid faisnéis ón nGarda Síochána chun tacú leis an aistriú.
- Déanfaidh an Cigire Sinsearach/Duine Údaraithe moladh.
- Má dhiúltaítear don iarraidh, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn agus tabharfar an rogha dó nó di achomharc a dhéanamh.
- Má cheadaítear iarraidh, glacfar cúram mór maidir le leithdháileadh an áitribh nua.
- Aistreofar tionóntaí chuig áit atá chomh fada agus is féidir ón áit a bhfuil siad faoi láthair chun teacht roimh rioscaí amach anseo a oiread is féidir.



# Cuid 9
## Díbirt



# **Cuid 9** Díbirt

Is é seo a leanas ár bprótacal maidir le cás a tharchur chuig Sirriam an Chontae agus é i gceist duine nó daoine a dhíbirt.

a) Nuair a fhaigheann an Chomhairle Ordú Sealbhaithe cuirfear cáschruinniú ar bun.

b) Déanfar cinneadh féachaint an ndéanfar an tionónta a dhíbirt.

c) Déanfar breithniú ar ghearáin leanúnacha, ar thromchúis an iompair san am atá caite, ar an tionchar ar an bpobal, agus ar thosca ábhartha eile.

d) Má bheartaítear an tionónta a dhíbirt, cuirfear an cúram sin ar Shirriam an Chontae.

e) Déanfar an cinneadh sin a údarú le hOrdú ón bPríomhfheidhmeannach.

f) Is iondúil go n-ullmhaítear ráiteas do na meáin.

g) Eagróidh an Cigire Sinsearach/Duine Údaraithe an díbirt agus rachaidh an té sin i dteagmháil leis an Sirriam agus leis an nGarda Síochána.

h) Freastalóidh baill foirne ón Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí ar an díbirt.

i) Beidh éadaí cosanta ar fáil ar chúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta.

j) Déanfar measúnú riosca i ngach cás.

k) Cuirfear nóta le gach áitreabh atá faoi réir athshealbhaithe, cibé acu trí thabhairt ar lámh nó trí dhíbirt, lena chinntiú nach leagfar amach an áit chéanna do theaghlaigh eile a bhí ag gabháil d’iompar frithshóisialta san am atá caite.

l) Is féidir le tionóntaí a dhíbrítear mar gheall ar iompar frithshóisialta iarratas a dhéanamh ar a n-ainm a chur le liosta feithimh tithíochta na Comhairle agus beidh siad faoi réir an phróisis grinnfhiosrúcháin.



m) Cuirfear tionóntaí agus a dteaghlaigh ar aghaidh chuig na seirbhísí do dhaoine gan dídean.

n) Gheobhaidh an Chomhairle réidh le maoin ar bith a fhágfar san áitreabh.

# **Cuid 10**
# Plé le Gníomhaireachtaí agus Rannóga eile



# **Cuid 10** Plé le Gníomhaireachtaí agus Rannóga eile

## 10.1 An Garda Síochána

Tá limistéar riaracháin na Comhairle faoi chúram dhá Rannán de chuid an Gharda Síochána. Tá ceantar beag i Ráth Fearnáin faoi chúram Stáisiún Fo-Cheantair Ráth Fearnáin, atá ina chuid de Rannán Theas Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá an chuid eile den Chontae faoi chúram Rannán Cathrach Bhaile Átha Cliath Thoir, ag a bhfuil na Stáisiúin Cheantair seo a leanas:

Stáisiún na Carraige Duibhe,

Stáisiún Dhún Droma,

Stáisiún Chábán tSíle,

Stáisiún Dhún Laoghaire,

Stáisiún Sheanchille.



Tá dlúthchaidreamh oibre tagtha chun cinn eadrainn féin agus an Garda Síochána in imeacht na mblianta agus glacaimid cur chuige ilghníomhaireachta agus muid ag déileáil leis an iompar frithshóisialta. I gceist leis sin tá malartú faisnéise de réir na nAchtanna Tithíochta agus dlúthchaidreamh le Gardaí Pobail, leis an Scuad Drugaí agus le hAonaid na mBleachtairí. Tá an cur chuige idirghníomhaireachta sin ríthábhachtach maidir le dul i ngleic le hiompar frithshóisialta agus is é An Garda Síochána an phríomhghníomhaireacht reachtúil a mbíonn an Chomhairle ag plé léi maidir leis sin.

## 10.2 Fóraim Póilíneachta Áitiúla an Chomhchoiste Póilíneachta

Bunaíodh Comhchoistí Póilíneachta (CCPanna) agus Fóraim Póilíneachta Áitiúla (FPAnna) faoi Acht an Gharda Síochána, 2005. Tugann na coistí sin an deis d'ionadaithe poiblí, ionadaithe pobail, cumainn áitritheoirí, agus páirtithe leasmhara eile cead aighnis a bheith acu maidir leis an bpóilíneacht ina gceantar. Tá ceithre FPA ag feidhmiú sa chontae faoi láthair sna ceantair seo: Dún Laoghaire Láir, Bhaile Uí Lachnáin / An Baile Breac, Áth an Ghainimh / An Chéim, Dún Droma / Stigh Lorgan. Tá siad faoi chathaoirleacht an Gharda Síochána agus á riar ag an Údarás Áitiúil. Buaileann siad le chéile cúig nó sé huaire sa bhliain agus bíonn cruinniú poiblí amháin acu.

Tuarascáil ón FPA don Chomhchoiste Póilíneachta. Déanann an Comhchoiste Póilíneachta ionadaíocht ar limistéar riaracháin na Comhairle agus tagann sé le chéile ceithre huaire sa bhliain.

Tá ár Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí ina bhall de FPAnna Dhún Laoghaire agus Bhaile Uí Lachnáin / An Bhaile Bhric. Freagróimid do riachtanais an phobail agus d'aon

saincheisteanna a ardaítear a bhaineann le hiompar frithshóisialta agus bainistíocht eastát. Is fóram úsáideach, tábhachtach é sin chun comhordú a dhéanamh ar fhreagraí na Comhairle agus na nGardaí chun déileáil le hiompar frithshóisialta. D'éirigh thar barr leis. Tá an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí tiomanta do bhallraíocht sna fóraim sin.

# **Cuid 11**
# Seirbhís do Chustaiméirí




# **Cuid 11** Seirbhís do Chustaiméirí

## 11.1 An Nós Imeachta Oifigiúil atá againn maidir le Gearáin[25]

Baineann an-dúshlán leis an iompar frithshóisialta agus bainistíocht eastát i sochaí ár linne. Tá an méid sin fíor go háirithe maidir le haighneas idir comharsana, aighneas a bhíonn an-deacair le réiteach uaireanta. Is eol dúinn nach mbeidh roinnt daoine sásta le toradh a ngearáin. Is féidir le haon duine atá míshásta leis an tseirbhís leas a bhaint as nós imeachta oifigiúil na Comhairle maidir le gearán a dhéanamh. Ní mór gearáin faoin tseirbhís do chustaiméirí a bheith i scríbhinn agus ní mór iad a sheoladh chuig:

An tOifigeach Gearán,
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth
an Dúin, Halla an Chontae,
Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co.
Bhaile Átha Cliath.
Ríomhphost: info@dlrcoco.ie



Tá sé de cheart ag daoine freisin gearán a dhéanamh le:

Oifig an Ombudsman,
Ardán Phort an Iarla, Baile Átha
Cliath 2.

Teil: 016395600
Ríomhphost: complaints@ombudsman.ie
Suíomh Gréasáin: www.ombudsman.ie

25 https://www.dlrcoco.ie/en/council-democracy/customer-care-communications/official-complaints- procedure

# Aguisíní



## 11.2 Uimhreacha Teileafóin Úsáideacha

| Ainm | Uimhir | Fo-líne |
|---|---|---|
| **Príomhuimhir Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** | (01)2054700 | |
| **Bainistíocht Tionóntachtaí:** | (01)2047258 | 4117/4112 |
| Bainistíocht Tionóntachtaí 24 uair an chloig | (01)2054807 | |
| An tAonad um Chóiríocht do Thaistealaithe: | (01)2047091 | 4124/4534/3528 |
| Cothabháil Tithe: | | 4116/4149/4034/4399/4118 |
| | | |
| **Daoine gan Dídean:** | | 4793/4194/4833/4143/4107 |
| Rialú Madraí | | 4404 |
| Rialú Capall | | 4856 |
| Maor Bruscair | | 4582/4042/4084/4465 |
| Gluaisteáin Thréigthe | | 4686/4465 |
| Diúscairt Dramhaíola Neamhúdaraithe | | 4134 |
| Torann | | 4134 |
| Páirceanna | | 4485/4328/4393/4463 |
| Rialú Bóithre agus Soilsiú Poiblí | | 3802 |
| Cothabháil Bóithre | | 4651/4090 |
| Glanadh Bóithre | | 4858 |
| | | |
| **Stáisiúin na nGardaí:** | | |
| Dún Laoghaire | (01)6665000 | |
| An Charraig Dhubh | (01)6665200 | |
| Dún Droma | (01)6665600 | |
| Cábán tSíle | (01)6665400 | |
| Seanchill | (01)6665900 | |
| Ráth Fearnáin | (01)6666500 | |
| **Seirbhísí Éigeandála:** | 999/112 | |
| | | |
| **Ospidéil:** | | |
| Ospidéal Cholm Cille, Baile Uí Lachnáin | (01)2825800 | |
| Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire, | (01)2806901 | |

| | |
|---|---|
| Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath 4 | (01)2638000 |

# Aguisín 1

## Sainmhíniú ar an Iompar Frithshóisialta

**Alt 1, Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, arna leasú** (aistriúchán ón mbunleagan Béarla)

folaíonn 'iompar frithshóisialta' ceachtar díobh seo a leanas nó an dá rud, eadhon—

a. monarú, táirgeadh, ullmhú, allmhairiú, onnmhairiú, díol, soláthar, seilbh chun críocha díola nó soláthair, nó dáileadh druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2007),

b. aon iompar is cúis le nó ar dóigh dó a bheith ina chúis le haon chontúirt, gortú, damáiste, imní, caillteanas nó faitíos mór nó leanúnach d'aon duine atá ag cónaí nó ag obair go dleathach nó i mbun cúram dleathach eile i dteach a sholáthraíonn údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, nó i gcomharsanacht teach a sholáthraítear amhlaidh, nó ar eastát tithíochta ina bhfuil an teach, agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, a fholaíonn—

   i. foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac mór ar aon duine,

   ii. iompar is cúis le haon lagú mór nó aon lagú leanúnach ar
   an úsáid nó an taitneamh a bhaineann duine as a theach nó a teach, nó

   iii. damáiste a dhéanamh d'aon mhaoin, lena n-áirítear teach duine, nó lot a dhéanamh ar mhaoin le scríobh nó marcanna eile

# Aguisín 2

## Comhaontú Tionóntachta Samplach – Iompar Frithshóisialta

**7. Iompar Núise agus Iompar Frithshóisialta**

7.1 Ní fhéadfaidh an Tionónta a bheith ag gabháil d’iompar frithshóisialta, ná é a chur faoi deara, ná ligean d’aon duine de theaghlach an Tionónta ná d’aon duine a thugann cuairt ar an Teaghais a bheith ag gabháil dó, é a chur faoi deara nó a bheith páirteach ann, ag an Teaghais ná i gcomharsanacht na Teaghaise.

7.2 Ní fhéadfaidh an Tionónta a bheith ag gabháil d’iompar núise, ná é a chur faoi deara, ná ligean d’aon duine de theaghlach an Tionónta ná d’aon duine a thugann cuairt ar an Teaghais a bheith ag gabháil dó nó é a chur faoi deara, ar iompar é is dóigh ba chúis le núis, crá nó suaitheadh d’aon tionóntaí eile, do dhaoine de theaghlach tionóntaí eile, do chuairteoirí, do chomharsana, d’oifigigh na Comhairle, do ghníomhairí, do chonraitheoirí nó d’aon duine eile den phobal i gcoitinne atá ag cónaí nó ag obair sa Teaghais nó i gcomharsanacht na Teaghaise.

7.3 Chun críche an Chomhaontaithe Ligin seo is ionann ‘núis, crá nó suaitheadh’ agus aon iompar a chuireann isteach ar shuaimhneas agus ar chompord tionóntaí eile, dhaoine dá dteaghlach, cuairteoirí, comharsan, na Comhairle lena n-áirítear a fostaithe agus a conraitheoirí nó aon duine eile den phobal i gcoitinne atá ag cónaí nó ag obair i gcomharsanacht na Teaghaise agus ar iompar é a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le masla, contúirt, gortú, damáiste, caillteanas nó faitíos agus a bhaineann go díreach nó go neamhdhíreach le feidhmeanna bainistíochta na Comhairle agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, a fholaíonn an méid seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dó)

(i) ciapadh ar na forais seo a leanas: aois, inscne, gnéas, cuma, cine, dath, bunús eitneach, bunadh náisiúnta, reiligiún, cultúr, stíl mhaireachtála, claonadh gnéasach, sláinte, stádas pósta, míchumas, imthosca teaghlaigh nó eile

(ii) meisce cholúil

(iii) graifítí a scríobh atá aithiseach, bagrach nó maslach

(iv) raidió, teilifís, ceirnín, córas fuaime, téipthaifeadadh, callaire, uirlis cheoil nó gléas eile a dhéanann torann, bíodh sé meicniúil nó ná bíodh, a sheinm ar shlí is cúis le núis nó crá do dhaoine eile sa chomharsanacht

(v) torann gan ghá nó barraíocht torainn a dhéanamh ar mhodh ar bith lena n-áirítear trealamh nó innealra a úsáid ar bhealach a chuirfeadh isteach ar dhaoine

(vi) an Teaghais nó aon chuid den Teaghais a úsáid, nó ceadú í a úsáid, le haghaidh striapachais agus/nó chun airm thine gan cheadúnas

a choimeád

**7.4** Ní fhéadfaidh an Tionónta cead a thabhairt go feasach d'aon duine a bhfuil Ordú Eisiaimh nó Ordú Eisiaimh Eatramhach déanta ina choinne nó ina coinne i leith na Teaghaise dul isteach sa Teaghais de shárú ar an Ordú Eisiaimh nó ar an Ordú Eisiaimh Eatramhach, de réir mar a bheidh, aon tráth a mbeidh an tOrdú sin i bhfeidhm.

# Aguisín 3

## Sáruithe ar an gComhaontú Tionóntachta

(Nach dtagann faoin sainmhíniú ar iompar frithshóisialta)

### 6.23 Toirmisc

(a) Ní fhéadfaidh an Tionónta a bheith as láthair ón Teaghais ar feadh tréimhse nó tréimhsí is mó san iomlán ná 6 seachtaine in aon bhliain féilire gan cead a fháil roimh ré ón gComhairle i scríbhinn.

(b) Ní fhéadfaidh an Tionónta an Teaghais a úsáid mar shiopa, ceardlann nó monarcha ná chun aon chríoch seachas mar áit chónaithe.

(c) Ní fhéadfaidh an Tionónta cead a thabhairt d’aon duine nach duine de theaghlach an Tionónta é cónaí sa Teaghais gan toiliú i scríbhinn a fháil ón gComhairle roimh ré.

(d) Ní fhéadfaidh an Tionónta an teaghais a úsáid chun aon chríoch atá mídhleathach nó mímhorálta ná chun cion inghabhála a dhéanamh.

(e) Ní fhéadfaidh an Tionónta, tráth ar bith, cuireadh chun na Teaghaise ná chuig an ngairdín a thabhairt d'aon daoine ar chuir an Chomhairle in iúl don Tionónta ina leith nár cheart dóibh dul isteach san áitreabh ná fanacht ann, ná cead a thabhairt do dhuine den sórt sin fanacht sa Teaghais ná sa ghairdín.

(f) Ní dhéanfaidh an Tionónta an Teaghais ná aon chuid den Teaghais a shannadh, a fhoroinnt ná a thabhairt uaidh nó uaithi, ná ní dhéanfaidh sé nó sí, gan toiliú na Comhairle, aon chuid den Teaghais a fholigean ná cead cónaithe in aon chuid di a thabhairt d’aon duine nach duine de theaghlach an Tionónta é nó í.

(g) Ní fhéadfaidh an Tionónta aon bhreiseáin, athruithe (lena n-áirítear an scéim dathanna taobh amuigh a athrú), feabhsúcháin ná oibreacha eile a dhéanamh ar an taobh istigh ná ar an taobh amuigh den Teaghais (lena n-áirítear aon chlós, seid, fothain ainmhithe, garáiste, oifig lasmuigh ná foirgneamh eile a thógáil), gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón gComhairle, rud nach ndiúltófar go míréasúnta dó, agus, má thugtar an toiliú sin, ní mór na hoibreacha sin a chur i gcrích laistigh de thréimhse réasúnach, ar chaighdeán cuí, de réir aon choinníollacha a luaitear sa toiliú ón gComhairle. I gcás na mbreiseán, na n-athruithe agus na bhfeabhsúchán go léir a dhéanfaidh an Tionónta, is daingneáin de chuid an tiarna talún a bheidh iontu, is é sin le rá go dtiocfaidh siad chun bheith ina maoin de chuid na Comhairle agus nach bhféadfaidh an Tionónta iad a bhaint nuair a thiocfaidh deireadh leis an Tionóntacht. Ní bheidh aon chúiteamh iníoctha i leith oibreacha den sórt sin.

(h) Ní fhéadfaidh an Tionónta aon bhreiseáin, athruithe, ná feabhsúcháin a dhéanamh ná aon oibreacha eile a dhéanamh ar aon Fheisteas Gáis Nádúrtha a chuirtear ar fáil sa Teaghais, ná maidir leis.

**(i)** Ní fhéadfaidh an Tionónta aon chomharthaí, póstaeir ná fógraí de chineál ar bith a chur in airde, a chur ar taispeáint, a chrochadh ná a chur ar an taobh amuigh den Teaghais ná thart timpeall uirthi gan cead a fháil roimh ré i scríbhinn ón gComhairle.

**(j)** Ní fhéadfaidh an Tionónta aon aeróg ná mias satailíte chun comharthaí raidió nó teilifíse a fháil, ná feisteas ar bith eile chuige sin, a chur in airde ná a cheadú go gcuirfear in airde iad gan cead a fháil roimh ré i scríbhinn ón gComhairle.

**(k)** Ní fhéadfaidh an Tionónta aon damáiste a dhéanamh don Teaghais agus ní mór dó nó di an Teaghais a choinneáil glan, slachtmhar. Ní fhéadfaidh an Tionónta a chur faoi deara ná a cheadú bruscar tí, aon ábhar maslach ná aon ábhar nó earraí a stóráil seachas in araid bhruscair sa ghairdín nó in aon chuid den Teaghais nó ar aon chosán nó bóthar atá tadhlach leis an Teaghais.

**(l)** Ní fhéadfaidh an Tionónta gréisc ná ola chócaireachta a dhoirteadh, a chur ná a dhiúscairt, i bhfoirm sholaid nó leachta, in aon draein, gaiste lintéir, doirteal nó feistiú sláintíochta eile atá ar an Teaghais.

**(m)** Ní fhéadfaidh an Tionónta a chur faoi deara ná a cheadú go ndéanfar bruscar tí, aon ábhar maslach ná aon ábhar nó earraí a stóráil sa Teaghais nó i gcomharsanacht na Teaghaise ná aon dramhaíl ghuaiseach nó chontúirteach nó ábhair seachas bruscar tí a stóráil.

**(n)** Ní fhéadfaidh an Tionónta aon earraí, ábhair nó substaintí inadhainte, contúirteacha nó pléascacha a choinneáil nó a stóráil, ná a cheadú iad a choinneáil nó a stóráil, sa Teaghais nó in aon chuid den Teaghais, seachas iad siúd a theastaíonn le haghaidh úsáid ghinearálta tí.

**(o)** Ní fhéadfaidh an Tionónta úsáid a bhaint as an Teaghais ná aon ghníomhaíocht a dhéanamh sa Teaghais ná in aon chuid den Teaghais a bheadh ina cúis le núis timpeallachta nó a chuirfeadh sláinte an duine i mbaol.

**(p)** Ní fhéadfar carbhán ná teach soghluaiste a chur nó a choinneáil laistigh de chúirtealáiste na Teaghaise ar shlí seachas de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus de réir na rialachán arna ndéanamh faoin Acht sin.

**(q)** Ní fhéadfaidh an Tionónta úsáid a bhaint as an limistéar páirceála (más ann dó) den Teaghais chun aon fheithicil a bhfuil a ré caite a pháirceáil nó a choinneáil.

**(r)** Ní fhéadfaidh an Tionónta aon bhealaí isteach, bealaí amach, cabhsaí, cosáin, bóithre áitiúla nó bealaí isteach eile d'fheithiclí a bhlocáil ná feithiclí a pháirceáil ar aon limistéir ghlasa i gcomharsanacht na Teaghaise.

**(s)** Ní fhéadfaidh an Tionónta aon chrainn, fálta nó toir a chur sa ghairdín ná ar thailte atá tadhlach leis an Teaghais ar dóigh a bheidh ina gcúis núise nó a bheidh díobhálach don Teaghais nó do réadmhaoin thadhlach.

**(t)** Ní fhéadfaidh an Tionónta aon chapaill, éanlaith chlóis, muca, éin fhiáine ná ainmhithe eile (seachas peataí tí nach dócha a dhéanfadh damáiste nó a bheadh ina núis ná a thiocfadh chun bheith ina gcúis chrá) a choinneáil ag an Teaghais.

# Aguisín 4

## Comhaontú Tionóntachta Samplach

Ní bheidh an tionónta ná aon duine de theaghlach an tionónta ná de theaghlach eile ná aon fhothionónta ná cuairteoir ag gabháil d'iompar frithshóisialta mar a shainmhínítear é in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997.

In Alt 1 den Acht sin, arna leasú, tugtar sainmhíniú ar 'iompar frithshóisialta' mar cheachtar acu seo a leanas nó an dá rud:

a. monarú, táirgeadh, ullmhú, allmhairiú, onnmhairiú, díol, soláthar, seilbh chun críocha díola nó soláthair, nó dáileadh druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 1984),

b. aon iompar is cúis le nó ar dóigh dó a bheith ina chúis le haon chontúirt, gortú, damáiste, imní, caillteanas nó faitíos mór nó leanúnach d'aon duine atá ag cónaí nó ag obair go dleathach nó i mbun cúram dleathach eile i dteach a sholáthraíonn údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2002 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, nó i gcomharsanacht teach a sholáthraítear amhlaidh, nó ar eastát tithíochta ina bhfuil an teach, agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, a fholaíonn

   i. foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac mór ar aon duine

   ii. iompar is cúis le haon lagú mór nó aon lagú leanúnach ar an úsáid nó an taitneamh a bhaineann duine as a theach nó a teach, nó

   iii. damáiste a dhéanamh d'aon mhaoin, lena n-áirítear teach duine, nó lot a dhéanamh ar mhaoin le scríobh nó marcanna eile.

c. Measfar aon sárú ar na coinníollacha thuas a bheith ina shárú tromchúiseach ar an gcomhaontú tionóntachta agus d'fhéadfadh an Chomhairle an tionóntacht a fhoirceannadh dá dheasca trí fhógra fágála a sheirbheáil.

d. Ní mór do thionóntaí cloí leis na Rialacha Tí (más ann dóibh, faoi iamh).

e. Ní chuirfidh an tionónta ná aon duine dá theaghlach nó dá teaghlach ná d'aon teaghlach eile ná aon fhothionónta ná cuairteoir núis faoi deara ná ní bheidh sé ná sí ciontach in aon iompar ar dóigh dó cur isteach ar aon chomharsana, a bpáistí nó cuairteoirí nó baill foirne de chuid na Comhairle nó baill foirne de chuid gníomhairí ceadaithe mar a shonraítear a thuilleadh i mír 20 thíos, ná ní cheadóidh sé ná sí iompar den sórt sin.

f. Ciallaíonn an téarma 'comharsana' sa Chomhaontú seo daoine a chónaíonn nó a bhíonn ag obair i gcomharsanacht theaghais an tionónta.

g. Chun críocha an Chomhaontaithe seo folóidh an frása 'núis, crá nó suaitheadh' úsáid a bhainfidh an tionónta as an teaghais chun cion coiriúil a dhéanamh agus, gan dochar do ghinearáltacht an fhrása sin, folóidh sé gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas:-

   i. ciapadh;

   ii. foréigean nó bagairtí foréigin in aghaidh an duine nó in aghaidh maoine;

   iii. bagairtí, mí-úsáid nó ciapadh de chineál ar bith nó aon ghníomh nó neamhghníomh is cúis le suaitheadh, míchompord nó míchaoithiúlacht;

   iv. bacainní ar aon cheann de na limistéir choiteanna, na doirse agus na bealaí éalaithe agus bealaí isteach eile sa bhloc agus san eastát;

   v. torann ró-ard a dhéanamh trí bheith ag béiceadh nó ag scairteadh, trí aon uirlisí ceoil nó gléas fuaime a sheinm (lena n-áirítear teilifís, raidió agus hi-fi) nó trí úsáid a bhaint as innealra eile;

   vi. aon ghníomh nó neamhghníomh is cúis le baol do leas aon chomharsan nó dá chuid nó dá cuid maoine.

h. Ní fhéadfaidh an Tionónta, tráth ar bith, cuireadh chun na Teaghaise ná chuig an ngairdín a thabhairt d'aon daoine ar chuir an Chomhairle in iúl don Tionónta ina leith nár cheart dóibh dul isteach san áitreabh ná fanacht ann, ná cead a thabhairt do dhuine den sórt sin fanacht sa Teaghais ná sa ghairdín.

i. Maidir le tionónta a dhíbreofar mar gheall ar shárú ar an gcoinníoll seo nó ar chuid de nó ar aon choinníoll, measfar chun críche cóiríocht eile a chur ar fáil dó nó di go bhfuil sé nó sí gan dídean d'aon ghnó de réir bhrí Alt 11(2)(b) den Acht Tithíochta, 1988 agus nach bhféadfaidh an Chomhairle teach eile a sholáthar dó nó di go dtí go mbeidh an Chomhairle deimhin de go bhfuil an tionónta a díbríodh agus a theaghlach nó a teaghlach in ann cónaí sa phobal agus go bhfuil siad sásta cónaí sa phobal gan sárú eile a dhéanamh ar an gcoinníoll sin ná ar aon choinníoll eile atá sa chomhaontú seo.

j. Áirítear iompar núise leis na coinníollacha thuas agus measfar, i gcás aon sárú, gur sárú tromchúiseach é ar an gcomhaontú tionóntachta. D'fhéadfadh an Chomhairle an tionóntacht a fhoirceannadh dá dheasca trí fhógra fágála a sheirbheáil.

k. Féadfaidh an Bailitheoir Cíosa nó Ioncaim, Innealtóir, Cigire Sláinte agus Oifigigh agus seirbhísigh údaraithe eile de chuid na Comhairle agus/nó gníomhaire nó gníomhairí ceadaithe, agus an Chomhairle agus/nó Conraitheoirí de chuid na Comhairle agus/nó an ghníomhaire cheadaithe nó na ngníomhairí ceadaithe dul isteach sa teaghais arna ligeann ar cíos leis seo agus é a iniúchadh gach tráth réasúnach agus ceadóidh an Tionónta don Chomhairle agus/nó don ghníomhaire ceadaithe nó do na gníomhairí ceadaithe aon oibreacha riachtanacha is gá san áitreabh.

# Aguisín 5

## Sampla de Rialacha Tí

**RIALACHA TÍ**

1. Is cuid de do chomhaontú tionóntachta iad na Rialacha Tí seo a leanas. Sárú ar do chomhaontú tionóntachta, Clásal 6.24(t), a bheidh i sárú ar bith ar na Rialacha Tí seo.

2. Comhlíonfaidh gach Tionónta agus Cónaitheoir na Rialacha Tí seo agus na rialacháin a bhaineann le d'árasán, agus le gach limistéar coiteann, taobh istigh agus taobh amuigh.

3. Ní mór do Thionóntaí agus Cónaitheoirí gan a bheith ag gabháil d'aon iompar frithshóisialta, iompar núise, ná aon iompar is cúis le ciapadh, imní nó anacair, ná iompar a chuireann isteach ar chaighdeán beatha áitritheoirí eile.

4. Tá tionóntaí freagrach as iompar gach cuairteora chuig a n-árasán.

5. Ní fhéadfaidh Tionóntaí agus Cónaitheoirí damáiste a dhéanamh do na limistéir choiteanna ná cur isteach ar aon trealamh sábháilteachta dóiteáin, lena n-áirítear doirse dóiteáin, staighrí, comharthaí, ná aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéanamh a chuireann i mbaol leas aon chónaitheora nó a chuid nó a cuid maoine.

6. Ní mór leibhéal fuaime gach gléis steirió, raidió agus teilifíse a bheith sa chaoi nach gcuirfear isteach ar an taitneamh ciúin a bhaineann do chomharsana as a n-árasán. Níor cheart aon torann ró-ard a bheith le cloisteáil ó aon árasán tráth ar bith, agus go háirithe tar éis 10pm.

7. Ionas go mbainfidh na cónaitheoirí go léir taitneamh ciúin as a n-árasáin, ní mór torann sna limistéir choiteanna a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

8. Chun guais tuisle a chosc agus lena chinntiú go mbeidh bealaí éalaithe dóiteáin le feiceáil go soiléir, ná cuirtear aon bhac d'aon chineál sna limistéir choiteanna e.g. rothair, naíchóistí/bugaithe, bagáiste etc. Áirítear leis na limistéir choiteanna na hallaí, na staighrí agus na léibhinn. Níor cheart rothair/naíchóistí/bugaithe a cheangal de bhanastair ná de ráillí, ná níor cheart iad a fhágáil sna limistéir choiteanna taobh istigh ná taobh amuigh.

9. De réir Chlásal 6.16 de do chomhaontú tionóntachta leis an gComhairle, ní cheadaítear capaill, éanlaith chlóis, muca, éin mhóra, reiptílí, madraí ná cait ar dóibh ba chúis núise nó a dhéanfadh daoine a chrá (déanfar eisceacht i gcás madraí cláraithe i gcomhair daoine atá ar lagamhairc agus madraí coimhdeachta a bhfuil cáipéis tacaíochta ina leith sin ag gabháil leo. Ní mór cead a fháil ón gComhairle.

10. Ní ceadmhach aon trádáil nó gnó a dhéanamh ó aon árasán, seomraí a ligean ar cíos san áireamh.

11. Ní ceadmhach a bheith ag síománaíocht ná ligean do dhaoine eile a bheith ag síománaíocht nó a bheith ina gcúis núise.

12. Ní bheidh cead ag cónaitheoirí aon éadaí nó earraí eile a chrochadh nó a nochtadh ar bhalcóiní ná ar aon limistéar seachtrach den áitreabh.

13. Ní fhéadfaidh cónaitheoirí aon aeróg sheachtrach gan sreang ná aon aeróg theilifíse, mias satailíte nó gléas eile dá leithéid a chur in airde ar an Árasán ná sna limistéir choiteanna taobh istigh agus taobh amuigh.

14. Ba chóir dea-bhail a bheith ar na fuinneoga i gcónaí agus iad a bheith glan.

15. Tá cosc ar fholigean ar cíos.

16. Tá cosc ar spásanna páirceála leithdháilte a fholigean ar cíos. Ní chuirfidh cónaitheoirí bruscar in aon limistéar den áitreabh ach amháin sna stórais bhruscair san íoslach. Ba chóir gach bruscar a choinneáil sa chaoi is nach ndoirtfear amach é agus é á iompar chuig an limistéar bruscair.

17. Ní cheadóidh áitritheoirí d’aon uisce nó leacht dul trí urlár an árasáin.

18. Ní cheadaítear aon athruithe ná obair thógála laistigh den aonad ná ar bhalcóin gach aonaid.

19. Ba chóir carranna a pháirceáil go cúramach sna spásanna atá leagtha amach duit. Tá cosc ar charbháin agus ar leantóirí. Ní cheadaítear ach feithiclí de mhéid chuí, i.e. feithiclí ar féidir iad a pháirceáil i spás páirceála amháin.

20. Tá sé de cheart ag an gComhairle aon charranna tréigthe a thabhairt chun bealaigh.

21. Ní mór do thionóntaí a chinntiú go ndéanfaidh siad a gcuid dramhaíola a dhiúscairt trí úsáid a bhaint as soláthraí údaraithe dramhaíola mar a leagtar amach sna Fodhlíthe um Dhramhaíl Tí agus Tráchtála a Scaradh, a Stóráil agus a Chur Amach Le Bailiú, 2019 de chuid na Comhairle.

**Tá na Rialacha Tí seo ceaptha go sonrach lena chinntiú go mbainfidh gach cónaitheoir taitneamh as na hárasáin ar bhealach ciúin suaimhneach. Má tá aon cheist agat faoi na Rialacha Tí nó má tá tú ag iarraidh aon sárú ar na Rialacha Tí nó ar an gComhaontú Tionóntachta a thuairisciú is féidir leat é sin a dhéanamh i scríbhinn, ar an teileafón, nó ar an ríomhphost mar a liostaítear thíos.**

**An Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí,**
**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bóthar na Mara,**
**Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.**

**01 2054700 folíne 4112/4117.**

tenancymanagement@dlrcoco.ie

# Aguisín 6

## Sampla de rialacha tí le haghaidh láithreán stad

**Láithreán Stad XXXXXXXXXXXX, XXXXXXXXXXXX, Co. Bhaile Átha Cliath**

**RIALACHA TÍ**

1. Tá na Rialacha Tí seo a leanas ina gcuid de Chlásal 7.4 i do chomhaontú tionóntachta. Sárú ar do chomhaontú tionóntachta a bheidh i sárú ar bith ar na Rialacha Tí seo.

2. Comhlíonfaidh gach Tionónta agus Cónaitheoir na Rialacha Tí seo agus na rialacháin a bhaineann le do Bhá, agus le gach limistéar coiteann, taobh istigh agus taobh amuigh.

3. Ní mór do Thionóntaí agus Cónaitheoirí gan a bheith ag gabháil d'aon iompar frithshóisialta, iompar núise, ná aon iompar is cúis le ciapadh, imní nó anacair, ná iompar a chuireann isteach ar chaighdeán beatha áitritheoirí eile.

4. Tá tionóntaí freagrach as iompar gach cuairteora chuig a mBá.

5. Ní fhéadfaidh Tionóntaí agus Cónaitheoirí damáiste a dhéanamh do na limistéir choiteanna ná cur isteach ar aon trealamh sábháilteachta dóiteáin, lena n-áirítear múchtóirí dóiteáin agus comharthaí, ná aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéanamh a chuireann i mbaol folláine aon chónaitheora nó a chuid nó a cuid maoine.

6. Ní mór leibhéal fuaime gach gléis steirió, raidió agus teilifíse a bheith sa chaoi nach gcuirfear isteach ar an taitneamh ciúin a bhaineann do chomharsana as a mBá. Níor cheart aon torann ró-ard a bheith le cloisteáil ó aon Bhá tráth ar bith, agus go háirithe tar éis 10pm.

7. Chun guais tuisle a chosc agus ionas go mbeidh bealaí éalaithe le feiceáil go soiléir, ní cheadaítear bac d'aon chineál a chur sna limistéir choiteanna.

8. De réir Chlásal 6.24(s) den chomhaontú tionóntachta is féidir peataí tí a choinneáil chomh fada agus nach mbíonn siad ina núis, mar sin beidh teorainn leis an líon madraí agus peataí tí a cheadófar, agus cinnfear an teorainn sin ar bhonn gach cáis aonair.

9. Ní ceadmhach aon trádáil nó gnó a dhéanamh ó aon Bhá.

10. Tá cosc ar ábhair a dhó.

11. Tá cosc ar ábhar a stóráil sa Bhá nó sa limistéar comhroinnte mura dtugann an Chomhairle cead é sin a dhéanamh.

12. Tá cosc ar fheithiclí a pháirceáil ag an mbealach isteach chuig an láithreán nó gar don bhealach isteach chuig an láithreán, agus sin mar atá i gcás cuairteoirí chuig

an láithreán freisin.

13. Ní ceadmhach a bheith ag síománaíocht ná ligean do dhaoine eile a bheith ag síománaíocht nó a bheith ina gcúis núise.

14. Ní mór do thionóntaí a mBánna a choinneáil glan, slachtmhar, cloí le rialacháin dóiteáin agus féachaint chuige go ndéanfar carranna a pháirceáil ar a laghad 3 mhéadar ó aon aonad cónaithe. Níor cheart feithiclí a pháirceáil in aon áit a d’fhágfadh nach bhfuil bealach isteach ná saoirse gluaiseachta ag seirbhísí éigeandála.

15. Tá cosc ar fholigean ar cíos.

16. Ní chuirfidh cónaitheoirí bruscar in aon limistéar den láithreán seachas sna boscaí bruscair atá leagtha amach dóibh. Ba chóir gach bruscar a choinneáil sa chaoi is nach ndoirtfear amach é agus é á iompar chuig an limistéar bruscair.

17. Ní cheadaítear aon athruithe ná obair thógála a dhéanamh ar an mBá.

18. Tá sé de cheart ag an gComhairle aon charranna tréigthe a thabhairt chun bealaigh.

19. Ní bheidh cead ag tionóntaí carbháin, veaineanna campála, tithe soghluaiste ná aon áit chónaithe nó struchtúr eile atá faoi bhun an chaighdeáin a chur ar an mBá agus tá cead na Comhairle ag teastáil ina leith sin. Beidh cinneadh na Comhairle críochnaitheach.

20. Tá sé de fhreagracht ar an tionónta caoi cheart a choinneáil ar an gcarbhán, an teach soghluaiste, an veain champála nó an áit chónaithe eile atá aige nó aici, an áit chónaithe sin a choinneáil i riocht maith, sábháilte agus a chinntiú nach mbeidh aon ghuais tine i gceist leis an áit chónaithe.

**Tá na Rialacha Tí seo ceaptha go sonrach lena chinntiú go mbainfidh gach cónaitheoir taitneamh as Láithreán Stad XXXXXXXXXXX ar bhealach ciúin suaimhneach. Má tá aon cheist agat faoi na Rialacha Tí nó má tá tú ag iarraidh aon sárú ar na Rialacha Tí nó ar an gComhaontú Tionóntachta a thuairisciú is féidir leat é sin a dhéanamh i scríbhinn, ar an teileafón, nó ar an ríomhphost mar a liostaítear thíos.**

**An tAonad um Chóiríocht do Thaistealaithe**
**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.**

**01 2054700 folíne 4133/4535**

travellers@dlrcoco.ie

# Aguisín 7

## Comhaontú maidir le bheith i do Dhea-Chomharsa

dlr
Comhairle Contae County Council

### Comhaontú maidir le bheith i do Dhea-Chomharsa



Táimid tiomanta do phobail a chothú ar deas na háiteanna iad le cónaí iontu. Teastaíonn do chabhair uainn chun é sin a dhéanamh. Iarraimid ort caitheamh le do chomharsana le meas, go háirithe i gcás comharsana leochaileacha. Má bhíonn tú i do dhea-chomharsa, cuideoidh sé sin stop a chur le hiompar núise agus le hiompar frithshóisialta.

**Cad is iompar frithshóisialta ann?**
De réir an dlí, is éard is iompar frithshóisialta ann ná aon iompar leanúnach nó iompar is díol suntais é, a mbíonn drochthionchar aige ar chaighdeán beatha do chomharsan. Samplaí de is ea:

- mangaireacht drugaí
- foréigean
- ciapadh
- imeaglú

**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,**
Halla an Chontae, Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath,
A96 K6C9

**Teil:** (01) 205 4700
**Ríomhphost:** info@dlrcoco.ie
**Gréasán:** www.dlrcoco.ie

**Conas is féidir liom cur le caighdeán na beatha i mo chomharsanacht féin?**

**Tá go leor bealaí ar féidir leat iompar núise agus iompar frithshóisialta a chosc, agus seo thíos cuid acu. Cuir tic le gach bosca lena thaispeáint go n-aontaíonn tú leis an ráiteas.**

| | |
|---|---|
| Léirigh meas ar do chomharsana agus ar a gcuid maoine. | ☐ |
| Bí cothrom cóir agus tú ag déileáil le fadhb ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn. | ☐ |
| Glac leis nach ionann muid go léir – bíodh tuiscint agat ar stíleanna maireachtála daoine eile. Seachain nach mbeadh aon rud ar bun agat a bheadh ina chúis le torann ard. | ☐ |
| Bí freagrach as iompar do chuid páistí agus iompar aon chuairteoirí a thagann chuig do theach. | ☐ |
| Bíodh meas agat ar an gceart atá ag páistí agus daoine óga a bheith ag spraoi i dtimpeallacht atá faoi mhaoirseacht agus atá sábháilte, sona. | |
| Léirigh meas ar an gceantar ina bhfuil cónaí ort trí shlacht a choinneáil air agus é a choinneáil saor ó iompar frithshóisialta. | ☐ |
| Bíodh a fhios agat gur comhartha den dea-mheon pobail is ea a bheith ag caint le chéile agus ag tacú lena chéile chun déileáil le fadhbanna sa cheantar. | ☐ |
| Lean na rialacha atá leagtha síos i do chomhaontú tionóntachta (agus aon rialacha tí). | |

**Do Sheoladh:**

**Sínigh an comhaontú seo lena chur in iúl go n-aontaíonn tú leis an méid atá ann**

Geallaim go mbeidh meas agam ar chearta mo chomharsan sa phobal agus go gcloífidh mé leis na treoirlínte thuas.

Má bhíonn iompar frithshóisialta ar bun agam féin, nó ag duine de mo theaghlach nó cuairteoirí chuig mo theach, tuigim gur sárú é sin ar mo chomhaontú tionóntachta.

Do shíniú:

Dáta an lae inniu:

# Aguisín 8

Bileog faoi Iompar Frithshóisialta ó Lámhleabhar na dTionóntaí

dlr
Comhairle Contae County Council

## Iompar frithshóisialta agus iompar núise a bhíonn ar bun ag tionóntaí



**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,**
Halla an Chontae, Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9

**Teil:** (01) 204 7258
**Rphost:** tenancymanagement@dlrcoco.ie
**Gréasán:** www.dlrcoco.ie

Plain English
Approved by NALA

## Maidir leis an mbileog seo

Mínítear sa bhileog seo:

- céard is iompar frithshóisialta ann;
- céard is iompar núise ann;
- cad a tharlóidh do do thionóntacht má bhíonn tusa, duine de do theaghlach, nó cuairteoir chugat ag gabháil do cheachtar de na cineálacha iompair sin, nó an dá cheann acu; agus
- conas gearán a dhéanamh má bhíonn iompar den sórt sin ag cur as duit.

## Cén tionchar a bheadh ag iompar frithshóisialta nó iompar núise ar mo thionóntacht?

Is conradh dlíthiúil é do chomhaontú tionóntachta idir tusa (an tionónta) agus muidne, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (an tiarna talún). Tá rialacha ann maidir le hiompar frithshóisialta agus iompar núis agus ní mór duit na rialacha sin a leanúint. Má bhriseann tú na rialacha sin, d'fhéadfá d'áit chónaithe a chailleadh agus a bheith gan dídean.

Má dhéantar tú a dhíbirt mar gheall ar iompar frithshóisialta nó iompar núise, féadfar áit chónaithe a dhiúltú duit amach anseo.

## An mbaineann sé seo le gach tionóntacht de chuid na Comhairle?

Baineann. D'fhéadfadh roinnt miondifríochtaí a bheith ann ag brath ar an áitreabh ina bhfuil cónaí ort. Mar shampla, tá rialacha sonracha ann i gcás áitribh a bhfuil spásanna comhroinnte iontu, agus ní bhaineann na rialacha sin le gnáth-thithíocht de chuid na Comhairle.

## Cad is iompar frithshóisialta ann?

Is iompar tromchúiseach nó iompar leanúnach é lena n-áirítear:

- mangaireacht drugaí;
- dáileadh drugaí;
- drugaí a bheith ag duine agus é i gceist aige nó aici iad a sholáthar do dhuine eile;
- cannabas a fhás;
- tithe de chuid na Comhairle a úsáid le haghaidh aon cheann de na nithe a luaitear thuas;
- foréigean, ciapadh agus imeaglú a dhéanamh ar aon duine i d'eastát;
- bagairt duine a ionsaí, a mharú nó coirloscadh a dhéanamh; agus
- damáiste coiriúil.

Má ghlacann tú páirt sna rudaí thuas nó in iompar frithshóisialta eile, tá do chomhaontú tionóntachta á shárú agat. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil tú ag cloí le rialacha an chomhaontaithe.

## Cad is iompar núise ann?

Is iompar é seo nach bhfuil chomh tromchúiseach nó chomh leanúnach le hiompar frithshóisialta ach, mar sin féin, atá ina sárú ar do chomhaontú tionóntachta. Ciallaíonn sé sin go bhfuil rialacha do chomhaontú tionóntachta briste agat.

Samplaí den iompar núise is ea:

- torann ró-ard a dhéanamh;
- bac a chur ar chabhsa;
- treaspás;
- aighneas faoi chúrsaí páirceála; agus
- aighneas faoi theorainneacha.

## Cén difríocht atá idir iompar núis agus iompar frithshóisialta?

Ní bhíonn iompar núise chomh tromchúiseach nó chomh dona le hiompar frithshóisialta. D'fhéadfadh iompar núise iompú ina iompar frithshóisialta de réir a chéile, ach is sárú beag ar an gcomhaontú tionóntachta é ina ainneoin sin.

Go ginearálta bíonn iompar frithshóisialta an-tromchúiseach. Sainmhínítear sa dlí é agus is sárú tromchúiseach é ar an gcomhaontú tionóntachta.

## Conas a dhéileálann an chomhairle leis an iompar sin?

Tá beartas againn ina leagtar amach conas a dhéileálaimid le hiompar núise agus iompar frithshóisialta. Caithfidh ár bhfreagra a bheith réasúnta agus caithfidh sé a bheith i gcomhréir le leibhéal agus méid an iompair. Nuair a fhaighimid gearán faoi iompar frithshóisialta nó iompar núise, is gnách linn labhairt leis na daoine atá i gceist ar dtús. Mura dtagann deireadh leis an iompar, leanaimid na céimeanna atá leagtha amach thíos.

### I gcás daoine a bhfuil an t-iompar sin ag goilleadh orthu: Cuirimid comhairle orthu

Is féidir linn comhairle a chur ar dhaoine nuair a thuairiscíonn siad iompar núise nó iompar frithshóisialta.

### I gcás daoine a bhíonn á n-iompar féin ar an gcaoi sin:

#### Tugaimid rabhadh ó bhéal

Is rabhadh scríofa é seo chun stop a chur leis an iompar núise nó leis an iompar frithshóisialta. Nuair a thugaimid rabhadh ó bhéal duit, déanaimid é a thaifeadadh ar do chomhad tionóntachta.

#### Eisímid fógra tionóntachta

Is rabhadh scríofa é seo chun stop a chur leis an iompar núise nó leis an iompar frithshóisialta.

### Eisímid rabhadh tionóntachta

Is rabhadh dlíthiúil scríofa é seo ina n-iarrtar go gcuirfear stop leis an iompar núise nó leis an iompar frithshóisialta ar an bpointe. Má tharlaíonn an t-iompar arís laistigh de 12 mhí, is féidir linn tús a chur leis an bpróiseas chun tú a dhíbirt.

### Eisímid ordú sealbhaithe

Ordú díbeartha a thugtar air sin freisin agus is í an Chúirt Dúiche a dheonaíonn é. Leis an ordú sin, tá an chumhacht againn tú a chur amach as do theach agus seilbh a ghlacadh ar an áitreabh.

### Eisímid ordú eisiaimh

Is ordú cúirte é seo chun tú a stopadh ó dhul isteach i dteach nó in eastát iomlán mar gheall ar iompar frithshóisialta.

Ní leanaimid ord na gcéimeanna sin i gcónaí nuair a bhíonn rabhaidh á n-eisiúint againn. I gcásanna an-tromchúiseach, is féidir linn iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar ordú sealbhaithe nó ordú eisiaimh gan rabhadh ó bhéal ná rabhadh scríofa a thabhairt duit ar dtús.

### Conas is féidir liom gearán a dhéanamh?

Chun gearán a dhéanamh faoi iompar núise nó iompar frithshóisialta, is féidir leat ceann acu seo a leanas a dhéanamh:

- scríobh chuig an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath;
- cuir glaoch teileafóin ar an Rannán Bainistíochta Tionóntachtaí ar (01) 204 7258;
- seol ríomhphost chuig tenancymanagement@dlrcoco.ie;
- líon isteach an fhoirm ghearáin ar www.dlrcoco.ie;
- téigh chuig an gcuntar tithíochta ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

### An gcoinneofar mo ghearán faoi rún?

I bhformhór na gcásanna, coinneofar do chuid sonraí faoi rún. Mar sin féin, bíonn roinnt gearán – ionsaí, mar shampla – chomh sonrach sin nach mbeifear in ann d’ainm a choinneáil faoi rún. Labhróimid leat i gcásanna mar sin.

Déanfaidh roinnt daoine iarracht a fháil amach cé a rinne gearán fúthu trí iarrataí ar Shaoráil Faisnéise nó iarrataí ar Shonraí a Rochtain. Tá cead againn gan d’ainm a lua agus muid ag déileáil leis na hiarrataí sin. É sin ráite, ba chóir duit a bheith ar an eolas go bhféadfadh na cúirteanna a rialú nach bhfuil cead againn d’ainm a choinneáil faoi rún. Féadfaidh Oifig an Choimisinéara Faisnéise nó an Coimisinéir Cosanta Sonraí é sin a ordú freisin. Má tharlaíonn sé sin, ní mór dúinn d’ainm a thabhairt don té a chuir ceist cé thú féin.



dlr
Comhairle Contae County Council

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae,

Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9.

www.dlrcoco.ie
Teil +353 1 205 4700